# CLG Ghaoth Dobhair

Luach €5.00

# Comórtas Peile na Gaeltachta 2012



1Ú - 4Ú MEITHEAMH 2012

Urraitheoirí bródúla

CLG Ghaoth Dobhair
2012

# Clár an Leabhair

## Comórtas Peile na Gaeltachta 2012


*Clár na gCluichí* 2

*Imeachtaí Sóisialta na Féile* 4

*Imeachtaí & Seirbhísí sa Cheantar* 5

*Fáilte go Gaoth Dobhair—dán* 6

*Léarscáil de Ghaoth Dobhair* 7

*An Coiste Bainistíochta Áitiúil* 8

*Teachtaireacht ó Uachtarán CLG* 10

*Fáilte ó Chathaoirleach CLG Ghaoth Dobhair* 11

*Teachtaireacht ó Chathaoirleach an Choiste Náisiúnta* 14

*Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord an Chontae* 16

*Teachtaireacht ón Rúnaí Náisiúnta* 16

*Teachtaireacht ó Ardstiúrthóir TG4* 18

*Teachtaireacht ó Cheannaire Raidió na Gaeltachta* 19

*Teachtaireacht ó Aire na Gaeltachta* 20

*Teachtaireacht ón Choimisinéir Teanga* 21

*Buaiteoirí Chomórtas na Sinsear 1969-2011* 30

*Na foirne—Comórtas na Sinsear 2012* 32

*Buaiteoirí Chomórtas na Sóisear 1977-2011* 48

*Na foirne—Comórtas na Sóisear 2012* 50

*Comórtas Peile na mBan—Sinsir* 57

*Comórtas Peile na mBan—Sóisir* 57

*Na Cailíní Gaelacha 1970-2011* 60

*Comórtas an Chailín Ghaelaigh* 62

*Na Cailíní Gaelacha 2012* 63

*Bunú Chomórtas Peile na Gaeltachta i 1969* 71

*An Breitheamh Seán Delap agus Comórtas Peile na Gaeltachta* 75

*Bunú agus stair Chumann Lúthchleas Gael Ghaoth Dobhair* 79

*Spléachadh beag ar Ghaoth Dobhair* 88

*Ó Chroithlí go Cnoc Fola—Seanghrianghrafanna de Ghaoth Dobhair* 99

# Clár na gCluichí

## Comórtas Peile Náisiúnta na Gaeltachta 2012
## Gaoth Dobhair, 1–4 Meitheamh

### Dé hAoine, 1 Meitheamh 2012

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5.30pm | Cluiche Ceannais Faoi 15 (Buachaillí) | Gaoth Dobhair v Buaiteoirí na Roinne ó Dheas | Páirc an Chlubthí |
| 7.00pm | Sóisir—Réamhbhabhta | Gaoth Dobhair v An Tearmann | Páirc an Chlubthí |

### Dé Sathairn, 2 Meitheamh 2012

| | | | |
|---|---|---|---|
| 10.30am | Sinsir—Réamhbhabhta | Cill tSéadhna v Naomh Abán | Páirc an Chlubthí |
| 11.30am | Sóisir | Laochra Loch Lao v An Seanphobal | An Pháirc Úr |
| 1.00pm | Sóisir | Clann na nGael v Naomh Muire | Páirc an Chlubthí |
| 1.00pm | Réamhbhabhta Sóisear na mBan | Na Gaeil Óga v Laochra Loch Lao | Páirc Pheile na Pobalscoile |
| 2.00pm | Sóisir | Cill tSéadhna v An Cheathrú Rua | An Pháirc Úr |
| 3.30pm | Sinsir | Cloich Cheann Fhaola v An Rinn | Páirc an Chlubthí |
| 4.30pm | Sinsir | An Daingean v An Cheathrú Rua | An Pháirc Úr |
| 6.00pm | Sóisir | Gaoth Dobhair/An Tearmann v Na Gaeil Óga | Páirc an Chlubthí |
| 7.30pm | Sinsir | Cill tSéadhna/Naomh Abán v Gaeil Fhánada | An Pháirc Úr |

## Dé Domhnaigh, 3 Meitheamh 2012

| | | | |
|---|---|---|---|
| 12.00m.l. | Cluiche Sóisear na mBan | Gaoth Dobhair v Na Gaeil Óga/Laochra Loch Laoi | An Pháirc Úr |
| 1.30pm | Cluiche Leath-cheannais Sóisear [A] | Cill tSéadhna/An Cheathrú Rua V Laochra Loch Lao /An Seanphobal | An Pháirc Úr |
| 3.30pm | Cluiche Leath-cheannais Sóisear [B] | Gaoth Dobhair/An Tearmann/Na Gaeil Óga v Clann na nGael/Naomh Muire | Páirc an Chlubthí |
| 5.45pm | Cluiche Leath-cheannais Sinsear [A] | Gaoth Dobhair v An Daingean/An Cheathrú Rua | Páirc an Chlubthí (Beochraoladh ar TG4) |
| 7.30pm | Cluiche Leath-cheannais Sinsear [B] | Cloich Cheann Fhaola/An Rinn v Cill tSéadhna/Gaeil Fhánada | Páirc an Chlubthí (Beochraoladh ar TG4) |

## Dé Luain, 4 Meitheamh 2012

| | | | |
|---|---|---|---|
| 12.00m.l. | Cluiche Ceannais Sinsear na mBan | An Tearmann v Cill Chomáin | Páirc an Chlubthí |
| 2.00pm | Cluiche Ceannais Sóisear | Foireann A v Foireann B | Páirc an Chlubthí (Beochraoladh ar TG4) |
| 4.00pm | Cluiche Ceannais Sinear | Foireann A v Foireann B | Páirc an Chlubthí (Beochraoladh ar TG4) |

## Focal Buíochais

Go raibh míle maith agaibh as a bheith linn ag an chomórtas i nGaoth Dobhair. Tá súil againn gur bhain sibh sásamh agus taitneamh as bhur n-am anseo agus tá muid ag guí go mbeidh turas slán chun an bhaile agaibh go dtí gach cearn den tír agus go dtí an Bhreatain.

Slán agus beannacht,
Cumann Lúthchleas Gael Ghaoth Dobhair.

# Imeachtaí Sóisialta na Féile

## Dé hAoine, 1 Meitheamh 2012

**9.00pm** Oscailt Oifigiúil le Pól Ó Gallchóir, Ardstiúrthóir TG4.
Ceol ina dhiaidh leis na Sinnanigans.

## Dé Sathairn, 2 Meitheamh 2012

**12.00m.l.** Turas go Gabhla. 'Seod Ghabhla' ag fágáil cé Mhachaire Gathlán. Beidh na Cailíní Gaelacha i láthair (ag brath ar an aimsir).
**5.00pm** Seisiún oscailte ceoil – bíodh d'uirlis féin leat. (An Beár)
**9.00pm** An Crann Óg. (An Halla Mór)
**10.00pm** Cabaret Craiceáilte – craic agus ceol le Rónán Mac Aodha Bhuí agus a Chaired. (An Halla Mór)

## Dé Domhnaigh, 3 Meitheamh 2012

**11.30am** Aifreann na Féile i dTeach Pobail Mhuire sna Doirí Beaga –
á chraoladh beo ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.
**1.30pm** Siúlóid cois cósta ar pháirt de Shlí an Earagail –
ag fágáil geata CLG Ghaoth Dobhair (breis eolais ar leathanach 5).
**6.00pm** An Crann Óg (An Beár)
**9.00pm** Tráth na gCeist i gCumann Gailf Ghaoth Dobhair.
**9.00pm** Céilí mór le Banna Céilí Salamanca –
le bronnadh an ghradaim ar an Chailín Ghealach. (An Halla Mór)
**10.00pm** Na Sinnanigans (An Beár)
**12.00pm** Dioscó (An Beár)

## Dé Luain, 4 Meitheamh 2012

**11.00pm** Béile na Féile in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar

*Gach imeacht sa Chlubtheach*
*ach amháin nuair atá áit eile luaite.*

# Imeachtaí agus Seirbhísí sa Cheantar

## Dé Sathairn, 2 Meitheamh 2012

**11.00am – 3.00pm** Aonach Bidh, Ealaíne agus Ceardaíochta sa Chrannóg i Srath na Corcra. Obair ealaíne, táirgí áitiúla agus bia úr.

**11.00am – 5.00pm** Seomra Staire agus Seanchais sa Chrannóg i Srath na Corcra. Cartlann d'eolas stairiúil, seanphictiúir agus leabhair faoi cheantar Ghaoth Dobhair agus Thír Chonaill. Cead isteach saor in aisce.

**8.30pm – ar aghaidh** Bingo Dhobhair. Beidh Bingo ar siúl in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar ar an tráthnóna Sathairn seo. Beidh Bus Jeo Den ar an bhealach mar is gnách. Beidh fáilte romhaibh uilig.

## Dé Domhnaigh, 3 Meitheamh 2012

**11.00am – 5.00pm** Seomra Staire agus Seanchais sa Chrannóg i Srath na Corcra. Cartlann d'eolas stairiúil, seanphictiúir agus leabhair faoi cheantar Ghaoth Dobhair agus Thír Chonaill. Cead isteach saor in aisce.

**1.30pm – 5.00pm** Siúlóid cois cósta ar pháirt de Shlí an Earagail. Siúlóid phléisiúrtha cois cósta agus fríd lár Ghaoth Dobhair a mhairfidh tuairim is dhá uair go leith. Beidh treoraí i láthair le heolas a thabhairt fan cheantar. Fágáil in aice le geataí CLG Ghaoth Dobhair ag 1.30pm (beidh comharthaí ann). **Nóta:** Cé nach siúlóid róthrom é seo, níl sé ró-oiriúnach do sheandaoine, daoine le fadhbanna sláinte, páistí beaga ná do pháistí i mbugaithe/bpramanna. Ach, is féidir ciorcad níos giorra a dhéanamh más mian le duine. Bróga oiriúnacha riachtanach.

**Acmhainní d’Fhoirne Peile:**
Tá seomraí, halla spóirt srl ar fáil in Ionad Naomh Pádrag, Dobhar d’fhoirne peile ar mian leo úsáid a bhaint as a leithéid. Cuir scairt ar Mháire @ 086-8259752.

**Oifig Eolais Turasóireachta:**
Beidh **Oifig Eolais Turasóireachta** á chur ar fáil ag Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair sa Chrannóg i Srath na Corcra Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh le linn an deireadh seachtaine. Beidh sé foscailte ón 10.00 ar maidin go dtí a 5.00 tráthnóna an dá lá agus is féidir glaoch a chur ar (074) 9532208 má bhíonn aon cheist agat.

**Siúlóidí sa Cheantar:**
Tá siúlóidí nadúrtha lonnaithe anseo i nDobhar .i. Siúlóid an Clocháin Bhig, Siúlóid Cois an Ghaoth agus Siúlóid Loch na Cailligh. Chun tuilleadh eolais a fháil cuir scairt ar Mháire in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar @ 086-8259752.

# Fáilte go Gaoth Dobhair

Gaoth Dobhair na gcnoc,
Gaoth Dobhair na ngleann,
Gaoth Dobhair na scleap,
Gaoth Dobhair na mbeann.
Gaoth Dobhair na sruthán loinnreach ghlé,
Ina mbíonn bric ag léimnigh ar feadh an lae,

Gaoth Dobhair na lochan i measc na gcnoc,
Iad domhain diamhrach álainn dubh,
Gaoth Dobhair na dtráigheann fada mín,
A síneadh aniar ó thaobh go taobh.
Gaoth na n-oileán uaigneach ciúin,
Gan fuaim le clos ach glór na dtonn.

Gaoth Dobhair na radharcanna áilne seo,
A mheallfadh do chroí as d'ucht go deo,
Gaoth Dobhair a sheasaigh an fód fadó,
Gaoth Dobhair a choinnigh an spiorad beo,
Ann a bhfuil teanga na Gaeilge beo go fóill,

Is í ar a dtoil ag sean is óg.
Gaoth Dobhair a chuirfidh fáilte romhaibh,
Má thagann sibh chugainn anois ar cuairt,
Chun na Féile a cheiliúradh linn gan buairt,
Beidh agaibh saoire gan aon agó,
Bheas suáilceach aoibhinn is Gaelach dá ndó.

*Le E Arnold*


Gaoth Dobhair
Inis Bó Finne
Inis Oirthir
Inis Meáin
Gabhla
AN CHARRAIG
BUN AN LEAGA
MÍN AN CHLADAIGH
MÍN LÁRACH
GORT AN CHOIRCE
AN FÁL CARRACH
CAISEAL NA gCORR
CLOCH CHEANN FHAOLAIDH
loch leagha
taobh an leithéid
AN SEASCANN BEAG
DOIRÍ BEAGA
CARRAIG FHINN
AN GHAOTH
RINN NA FEIRSTE
DOBHAR
MÍN DOIRE DHAMH
MÍN NA CUINGE
GLEANN TORNÁIN
DÚN LÚICHE
CROITHLÍ
ANAGAIRE
NA ROSA
AN TÓR
cnoc na fearragh
sliabh sneachta
an gargal
Eochair
TEACH POBAIL CAITLICEACH
EAGLAIS NA hÉIREANN
RADHARC SPEISIALTA
TRÁ
CNOC
TALAMH ARD
OIFIG AN PHOIST
AERFORT
Gaoth Dobhair
ÉIRE

# An Coiste Bainistíochta Áitiúil

## CLG Ghaoth Dobhair 2012




***Ina seasamh sa líne cúil (ó thaobh na láimhe clé):*** Eoghan Ó Gallchóir, Cláraitheoir; Seán Ó Fearraigh, Cathaoirleach; Pádraig Mac Fhionnghaile, Oifigeach Páirce/Lotto; Kelly Uí Dhomhnaill, Rúnaí; Máirtín Ó Baoill, Leasionadaí Bhord an Chontae; Seán Ó Gallchóir, Oifigeach Forbartha agus Alan Ó Baoid.

***Ina suí chun tosaigh (ó thaobh na láimhe clé):*** Leanna Ní Bhaoill, Ann Nic Giolla Eanaigh, Cisteoir; Ann de Blárach, Síle Uí Ghallchóir, Oifigeach na Gaeilge; Georgina Nic Giolla Bhríde, Cisteoir agus Louise Uí Cholla, Leasrúnaí.

**Oifigigh eile nach bhfuil sa phictiúr:** Niall Ó hEarcáin, Seosamh Ó Duibhir, Seosamh de Blárach, Oifigeach Caidrimh Phoiblí; Timmy Mac Giolla Bhríde, Oifigeach Óige; Proinsias Mac Giolla Eanaigh, Ionadaí Bhord an Chontae; Claire Uí Ghallchóir agus Bernie Nic Giolla Bhríde, Oifigigh Bingo; Brídín Ní Ghallchóir, Rúnaí Bhord na nÓg; Tomás Ó Gallchóir, Cathaoirleach Bhord na nÓg; Cáit Ní Chruadhlaoich, Cisteoir Bhord na nÓg; Dáithí Mac Roibeard, OCP Bhord na nÓg.




Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

***Guíonn Údarás na Gaeltachta achan rath ar Chomórtas Peile na Gaeltachta 2012 i nGaoth Dobhair***

Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair
Doirí Beaga
**Co. Dhún na nGall**
**Teil:** 074 9560100
**Facs:** 074 9560101

e: eolas@udaras.ie | w: www.udaras.ie

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Údarás na Gaeltachta

# Teachtaireacht ó Uachtarán CLG



Is cúis mhór áthais dom fáilte chroíúil agus Ghaelach a chur roimh chách go Gaoth Dobhair anseo i nDún na nGall don deireadh seachtaine iontach seo le haghaidh Chomórtas Peile na Gaeltachta 2012.

Do na clubanna go léir a bheas páirteach san iomaíocht ón Aoine go dtí an Luan is ócáid mhór dóibh an Comórtas seo agus beidh na sluaite ag teacht le chéile ó na Gaeltachtaí go léir – agus ceantair eile – le béim speisialta a chur ar an Ghaeilge.

Mar chumann náisiúnta is é ceann dár gcuspóirí ná ár gcultúr agus ár dteanga a chaomhnú agus a spreagadh agus táimid lán dairíre faoi seo.

Tá traidisiún saibhir agus fada ag baint leis an Chomórtas seo, traidisiún a ritheann siar go 1969 nuair a d'éirigh le Gaoth Dobhair an teideal a bhaint amach i gcoinne Chorca Dhuibhne anseo i nGaoth Dobhair féin.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le TG4 agus le RTÉ Raidió an Gaeltachta atá ag tabhairt an oiread sin tacaíochta agus seirbhíse don chomórtas seo thar na blianta.

Cuireann a gcuid oibre go mór le craobhacha Gaeltachta agus tá ár mbuíochas tuillte acu as an méid a dhéanann siad chun ár gcluichí a chur chun cinn.

Tá ardmholadh tuillte ag na daoine a raibh páirt acu in eagrú na gcluichí seo agus táim lán dóchasach go mbeidh comórtas den scoth againn i mbliana agus gur ag dul ar aghaidh sna blianta atá romhainn.

Mar fhocal scoir, guím gach rath ar imreoirí agus eagraithe Chomórtas Peile na Gaeltachta 2012.

Rath Dé ar an obair,



_________________________________

Liam Ó Néill,
Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael.

# Fáilte ó Chathaoirleach CLG Ghaoth Dobhair



Ba mhaith liom thar cheann fhochumann Ghaoth Dobhair, fáilte mhór Ghaelach a chur romhaibh uilig go Machaire Gathlán agus go paróiste Ghaoth Dobhair chuig Comórtas Peile na Gaeltachta Náisiúnta 2012.

Bhí muid mar óstaigh i mbliana do Chomórtas an Chontae a bhí ar siúl idir an 5ú agus an 7ú Bealtaine agus d'éirigh go maith linn. Is dúshlán mór é seo don fhochumann an dá Chomórtas a bheith againn ach tá muid breá dóchasach go mbeidh gach rud i gceart.

Cuirim fáilte speisialta roimh oifigí Choiste an Chontae, Coiste Náisiúnta Chomórtas Peile na Gaeltachta agus na foirne as taobh amuigh den Ghaeltacht, na Gaeil Óga as Baile Átha Cliath agus Laochra Loch Laoi as Béal Feirste. Ar an drochuair, níl fochumann Mhóin Dearg as Londain in ann a bheith linn.

Tá clár cuimsitheach d'imeachtaí leagtha amach do na ceithre lá. Ní bheidh ganntanas ar bith peile orainn mar go bhfuil cúig ghrád san iomaíocht thar an deireadh seachtaine .i. Comórtas na mBan Sóisear agus Sinsear, Comórtas na bhFear Sóisear agus Sinsear mar aon leis an chomórtas faoi 15. Tá súil agam go mbeidh coimhlint bhreá spórtúil ann. Guím gach rath ar na foirne uilig atá linn anseo.

Níor mhiste dúinn súil a chaitheamh ar na comórtais eile a bheas ar siúl an deireadh seachtaine seo fosta, mar atá Tráth na gCeist agus Comórtas an Chailín Ghaelaigh. Cuirim fáilte romhaibh agus tá mé fíorbhuíoch díbh as teacht anseo chugainn. Guím ádh mór oraibh uilig.

Is é aidhm Chomórtas Peile na Gaeltachta pobail Ghaeltachta a thabhairt le chéile agus ár dteanga dhúchais agus ár gcultúr a chaomhnú agus a fhorbairt trí chúrsaí spóirt. Aidhm thábhachtach í sin agus níor chóir dúinn dearmad a dhéanamh di.

Iarraim oraibh go léir – peileadóirí, réiteoirí, maoir agus an pobal atá ag freastal ar na comórtais – iarracht speisialta a dhéanamh an teanga a labhairt agus a bheith mórtasach aisti. Má úsáideann muid ár dteanga mairfidh sí.

Cuirim fáilte mhór roimh na meán go léir anseo go Machaire Gathlán fosta, Raidió na Gaeltachta agus TG4 mar aon leis na páipéir áitiúla agus náisiúnta. Is sibhse súile agus cluasa na ndaoine atá ar fud na tíre agus an domhain mhóir ar mian leo féachaint ar agus éisteacht leis na cluichí inár dteanga dhúchais féin.

Caithfidh mé buíochas mór a thabhairt do na comhlachtaí agus do na gnólachtaí uilig a

thug urraíocht dúinn don deireadh seachtaine agus a bhfuil fógraí acu sa leabhar seo agus ar na ballaí thart ar an pháirc. Tá buíochas mór tuillte chomh maith ag pobal Ghaoth Dobhair, as an tacaíocht leanúnach a thugann siad dúinn bliain i ndiaidh bliana.

Mar fhocal scoir, iarraim oraibh comhoibriú lenár gcuid maor lena chinntiú go mbeidh gach duine sábháilte agus go mbainfidh gach duine sult as an ócáid mhór seo.

Go mbaine achan duine sult agus tairbhe as na himeachtaí uilig.

Seán Ó Fearraigh,
Chathaoirleach CLG Ghaoth Dobhair.

# Buíochas

Ár mórbhuíochas do na comhlachtaí seo a leanas a thug síntiús nó tacaíocht dúinn:

Britvic Ireland
Derry People & Donegal News
Donegal Democrat
McDaid Mineral Waters
Foras na Gaeilge

Tá muid faoi chomaoin mór agaibh.

# Martin Boyle Haulage Teo

## Ag cur seirbhís den chéad scoith ar fáil le corradh agus 30 bliain.




## Praghasanna fíoriomaíocha ar fáil do lódanna móra agus beaga araon.

**Seirbhísí laethúla ar fáil idir:**

**Éire & an Bhreatain • Baile Átha Cliath & Dún na nGall**

Dobhar Uachtarach, An Bun Beag, Co. Dhún na nGall, Éire.

**Gutháin:** (074) 9531711 • 087-2897606
**Facs:** (074) 9532364
**Ríomhphost:** martinboyle@eircom.net

# Teachtaireacht ó Chathaoirleach an Choiste Náisiúnta



Tá comórtas Peile na Gaeltachta ar ais i nGaoth Dobhair agus tús á chur le córas úrnua ina mbeidh sé ar siúl ó Thuaidh, ó Dheas agus san Iarthar achan trí bliana – is in Ard an Rátha a bheidh sé i 2015.

Téann an ceangal idir Fochumann Ghaoth Dobhair agus Comórtas Peile na Gaeltachta siar go fíorthús an chomórtais. Ba ar pháirc Mhachaire Gathlán a imríodh an chéad chluiche ariamh i ndúlaíocht an gheimhridh ar Achar an Dá Lá Dhéag na bliana 1969. Rinne foireann as Corcha Dhuibhne Chiarraí an turas fada ó thuaidh ar bhóithre casta cúnga an Iarthair i ngluaisteáin Anglia, VW Beetle agus Ford Prefect. Is beag a shíl na daoine a d'eagraigh agus a d'imir sa choimhlint sin go raibh siad ag cur síl as ar fhás an fhéile peile agus spraoi atá againn faoi láthair. Is iomaí cor agus casadh sa tsaol ón lá cinniúnach sin agus i rith na mblianta ní raibh fochumainn na Gaeltachta ó cheann ceann na tire fuar ná falsa ag tarraingt na téide agus ag cur le cothú an chomórtais atá anois ar cheann de mhórfhéilte sóisialta agus cultúrtha na bliana.

Tá áthas orm fearadh na fáilte a chur roimh na cuairteoirí uilig chuig an deireadh seachtaine seo. Tá an cumann áitiúil, na fochoistí agus muintir na háite ag ullmhú le fada le go mbeidh achan rud in ord agus in eagar. Tá ár mbuíochas tuillte acu uilig agus tá an t-ádh orainn go bhfuil fochumainn agus lucht tacaíochta sásta a gcuid áiseanna agus scileanna eagraíochta a chur ar fáil ar mhaithe leis an chomórtas. Tá ár mbuíochas ag dul fosta do chomhlachtaí, lucht gnó agus seirbhísí, nuachtáin agus an raidió áitiúil a thugann cuidiú agus tacaíocht i gcónaí. Ar bhonn náisiúnta, is mór againn an maoiniú a thagann ó Ardchomhairle C.L.G. i bPáirc an Chrócaigh, Comhairlí Cúigí agus Boird Condae C.L.G., Comhairlí Condae, Údarás na Gaeltachta agus Roinn na Gaeltachta.

Tá TG4 ag beochraoladh cluichí ó bhí 1997 ann agus don dara bliain as a chéile is iad príomhurraithe an chomórtais chomh maith. Tá me cinnte go bhfuil bród ar Ardstiúrthóir TG4 Pól Ó Gallchóir gur ina pharóiste dúchais féin atá comórtas na bliana seo ar siúl! Tá ceangal fada ag Pól le Comórtas Peile na Gaeltachta mar réiteoir agus mar thráchtaire le RTÉ Raidió na Gaeltachta agus is é a dhéanfaidh an oscailt oifigiúil sa chlubtheach tráthnóna Dé hAoine. Beidh TG4 ag beochraoladh an dá chluiche leath-cheannais sinsear tráthnóna Dé Domhnaigh agus na cluichí ceannais sóisear agus sinsear ar an Luan. Is mór an phoiblíocht é sin do cheantar ar bith agus tá muid faoi chomaoin mhór ag Pól agus a chomhghleacaithe uilig i TG4.

Tá ár mbuíochas ag dul fosta do Edel Ní Chuireáin agus don fhoireann spóirt i Raidió na Gaeltachta. Daichead bliain ó shin, i 1972, rinne said an chéad chraoladh ariamh ar

bhabhtaí náisiúnta ó Bhaile an Daingin agus gan iad ag an am, ba bheag iomrá agus eolas a bheadh ar fáil faoi imeachtaí an chomórtais. Beidh siad ag craoladh arís i mbliana ó mhaidin Dé Sathairn go deireadh cluiche ceannais na sinsear ardtráthnóna Dé Luain.

Gúim gach rath ar Uachtarán nua C.L.G. Liam Ó Néill atá ag tús a thréimhse trí bliana mar cheannaire. Tá ardmheas ag Liam ar chúrsaí cultúrtha agus tá sé thar a bheith báúil lenár dteanga Ghaeilge. Ar ndóigh is í an Ghaeilge teanga an chomórtais agus na n-imeachtaí uilig a bhaineann leis an deireadh seachtaine. Is cinniúnach é go bhfuil an fhéile seo ar siúl i bparóiste dúchais an Aire Gaeltachta Donnchadh Mac Fhionnghaile fosta agus tá ár mbuíochas tuillte go mór aige as an tacaíocht a thugann sé dúinn.

Gúim gach rath ar Fhochumann Ghaoth Dobhair agus tá súil agam go mbeidh saoire is spraoi agaibh uilig sa cheantar fíorálainn Ghaelach seo.

Seán Ó hEarcáin,
Cathaoirleach an Choiste Náisiúnta.



# Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord an Chontae

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le CLG Ghaoth Dobhair mar gheall ar an onóir mhór a bronnadh orthu i mbliana Comórtas Peile na Gaeltachta 2012 a reáchtáil. Caithfear moladh mór a thabhairt don ullmhúchán iontach atá déanta ag an chlub lena chinntiú go n-éireoidh go geal le hachan chuid den deireadh seachtaine.

Imríodh cluichí ceannais Dhún na nGall cheana féin agus bhí cúpla lá ar dóigh ag na foirne uilig. Ba cheart don chlub agus d'achan duine ann bheith bródúil as na háiseanna imeartha úra i Machaire Gathlán. Seo an dara bliain as a chéile leis na cluichí ceannais náisiúnta bheith i dTír Chonaill.

I ndiaidh ócáid speisialta i gCloich Chionnaola anuraidh, táim lánchinnte go mbeidh deireadh seachtaine againn i nGaoth Dobhair a mhairfidh sa chuimhne le fada an lá. Is mór an onóir í don chontae uilig.

Ag smaoineamh siar fosta ar an chomórtas náisiúnta i nGleann Cholm Cille cúpla bliain ó shin, is breá liom a fheiceáil go bhfuil na ceantair Ghaeltachta i nDún na nGall ag cothú ár dteanga, ár gcultúr agus ár gcluichí dúchais.

Guím gach rath ar na cumainn uilig a thaistil as gach cearn den tír. Tá súil agam go mbainfidh na himreoirí agus ár n-aíonna sult as an turas, go mbeidh an ghrian ag soilsiú agus go bhfeicfidh ár gcuairteoirí radharcra áille Dhún na nGall.

Mar fhocal scoir, comhghairdeas arís agus ádh mór ar fhochumann Ghaoth Dobhair. Tá obair den scoth déanta agaibh agus níl amhras ar bith ach go bhfeicfear í sin go soiléir thar an deireadh seachtaine.

P.S. Mac Gabhann,
Cathaoirleach CLG Dhún na nGall.

# Teachtaireacht ón Rúnaí Náisiúnta

Tá an Comórtas Peile seo ar an 14ú turas go Dún na nGall agus ar an seachtú babhta san áit ar thosaigh sé i 1969.

Níl a fhios agam ar shíl Antoin Ó Cearúill agus Antoin de Bairéad gur mar seo a bheadh 43 bliain tar éis dóibh cluiche dúshláin a eagrú idir Gaoth Dobhair agus Corca Dhuibhne i dtús na bliana 1969. Níor chóir an Breitheamh Seán Delap, go ndéanfaidh Dia trócaire air, ná Feardorcha Ó Colla a ligean i ndearmad, bhí dlúthbhaint acu leis an gcéad Chomórtas a imríodh i nGaoth Dobhair i dtús an fhómhair an bhliain sin – nach iomaí

athrú ar an saol ó shin, tá fás agus forbairt as cuimse tagtha ar an gComórtas, é anois ar cheann de phríomhócáidí spóirt agus sóisialta na Gaeltachta. Ach, an measann tú an bhfuil an teanga chomh folláin anois agus a bhí dhá scór bliain ó shin? An bhfuil an straitéis fiche bliain le hoidhreacht agus saibhreas ár seacht sinsear a chaomhnú agus a bhuanú? Is í mo bharúil go bhfuil sé de dhualgas orthu siúd a bhfuil an teanga acu í a thabhairt don chéad ghlúin eile, níl uathu ach í a labhairt!

Is í an Ghaeilge saintréith an Chomórtais seo.

Díol spéise i mbliana gur comharsana do Ghaoth Dobhair iad na Seaimpíní reatha sinsear agus sóisear, faoi seach .i. Cloich Cheann Fhaola agus Naomh Muire as Íochtar na Rosann.

Ar ndóigh, tá Craobh na Sinsear buaite sé bhabhta ag Gaoth Dobhair agus tá mé cinnte nach bhfuil aon rún acu é a ligean ón méir ar a gcuibhreann féin i mbliana; cé go ndeachaigh an Cheathrú Rua fíorghar don éacht sin a dhéanamh i 1994, an bhliain dheireanach don Chomórtas a bheith i Machaire Gathlán!

Tá mé ag tnúth le hardchoimhlint agus le dea-chomhluadar.

Ní i ngan fhios atá Comórtas Peile na Gaeltachta, bíonn **RTÉ Raidió na Gaeltachta** i lár an aonaigh ó thús go deireadh agus **TG4** ag craoladh an dá chluiche leathcheannais sinsear tráthnóna Dé Domhnaigh agus na cluichí ceannais ar an Luan. Tá ár mbuíochas tuillte ag an dá sheirbhís sin agus gura fada buan iad.

Is rí mhór againn tacaíocht airgid Údarás na Gaeltachta; Ardchomhairle CLG; TG4; RTÉ Raidió na Gaeltachta agus cairde an Chomórtais.

Comhghairdeas le Seán Shéamuis Ó Fearraigh agus a chriú, mar is dual do CLG Ghaoth Dobhair, tá slacht ar an obair – go raibh rath uirthi agus nuair a bheas an áit fúthu féin tar éis an Chomórtais gurbh fhiú an tairbhe an trioblóid.

Tá súil agam go mbainfidh chuile dhuine, idir imreoirí, iomaitheoirí, lucht tacaíochta agus fhámairí, taitneamh agus tairbhe as an deireadh seachtaine agus nuair a scaipfidh na daoine tar éis an Chomórtais gur dea-chuimhne a bheas acu ar an ócáid agus ar an gceantar.

Faraor gan mé san aois a raibh mé an chéad lá ar leag mé cois i Machaire Gathlán ag Comórtas na bliana 1970!

Micheál Mac Donnchadha,
Rúnaí Náisiúnta.

# Teachtaireacht ó Ardstiúrthóir TG4

## Ar ais arís i Machaire Gathlán



Tréaslaíonn TG4 le lucht eagair Chomórtas Peile na Gaeltachta 2012 i nGaoth Dobhair. Guímid gach rath ar na rannpháirtithe ar fad, idir fhoirne, lucht tacaíochta, Chailíní Gaelacha agus na mílte cuairteoirí eile a thagann chuig an ócáid bhliantúil seo ó cheann ceann na tíre agus ón iasacht.

Seo an chéad uair ag an Chomórtas ar an láthair seo ó 1994. Ach is anseo, dar ndóigh, a tionóladh an chéad chomórtas riamh agus is iontach an teist ar fhís agus ar mhisneach an lucht bunaithe sin i 1969 an fás agus an borradh atá tagtha ar an chomórtas féin agus ar an chumann áitiúil anseo ó shin i leith.

Tá saothar iontach déanta ag an Choiste áitiúil anseo arís i mbliana agus is ábhar mórtais toradh na hoibre forbartha sin, go háirithe na seomraí feistis nua agus an pháirc imeartha úr fosta.

Is cúis bhróid ar leith do TG4 bheith mar phríomhurra ar an Chomórtas seo anois. Feictear ár dtacaíocht go náisiúnta agus go domhanda sa bheochraoladh a dhéanaimid ar na cluichí leathcheannais sinsear ar an Domhnach agus ar na cluichí ceannais ar an Luan. Tá fáil ar an bheochraoladh sin ar an teilifís ar fud na tíre agus ar fud an domhain ar an Seinnteoir, www.tg4.tv.

Ar dhóigh amháin, is é an Comórtas Peile tús an tséasúir do chlúdach spóirt an chainéil s'againne. As seo go ceann bliana, soláthrófar clúdach ar raon leathan imeachtaí, ó rothaíocht go leadóg go rásaí capall ach beidh an áit is lárnaí i gcónaí ag clúdach cuimsitheach snasta TG4 ar ár gcluichí dúchais féin: peil, iomáint, peil na mban agus liathróid láimhe, ó cheann ceann na bliana ag leibhéal club, contae, coláistí agus eile. Is é an cainéal s'againne baile teilifíse na gcluichí sin agus is mór againn an tacaíocht a thugann an lucht féachana agus CLG dúinn sa ról sin.

Is iad an pheil, an Ghaeilge agus mórtas as a ndúchas Gaeltachta a spreag lucht bunaithe an chomórtais an ócáid iontach seo a bhunú agus a chur chun cinn. Tá an spiorad céanna sin le brath anseo inniu agus an gá céanna lena neartú.

Gabhaim buíochas leo sin ar fad a chuidigh linn le clúdach spóirt TG4 i rith na bliana seo caite agus leis an ullmhúchán don Chomórtas Peile seo i nGaoth Dobhair. Bainigí sult as an deireadh seachtaine, as an pheil agus as na himeachtaí eile ar fad agus go mbeirimid beo ar an am seo arís!

**Pól Ó Gallchóir,**
**Ardstiúrthóir TG4.**

# Teachtaireacht ó Cheannaire Raidió na Gaeltachta



Tá Comórtas Peile na Gaeltachta ar cheann de mhór imeachtaí na bliana i bhféilire craolta RTÉ Raidió na Gaeltachta agus is cúis áthais dúinn freastal ar an Chomórtas Náisiúnta 2012 agus muid ag tabhairt ár n-aghaidh ar Thír Chonaill don 14ú huair le dhá scór bliain anuas.

Bliain speisialta í seo do Raidió na Gaeltachta agus muid ag comóradh dhá scór bliain ar an aer. I rith na mblianta sin, tá muid ag craoladh ó thaobhanna na bpáirceanna ar fud Ghaeltachtaí na tíre ó chuaigh an meitheal spóirt i mbun oibre ar Pháirc an Ághasaigh i mBaile an Daingin i 1972.

Is dóiche gur beag a shíl bunaitheoirí an Chomórtais nó fiú foireann an Raidió ag an am sin go dtiocfadh an deireadh seachtaine seo i mbláth agus go mbeadh sé ag dul ó neart go neart ó shin.

Tá moladh mór tuillte ag an Choiste Náisiúnta reatha faoi stiúir an Chathaoirligh, Seán Ó hEarcáin a chinntíonn go mbíonn ard-deireadh seachtaine ag gach duine idir imreoirí, lucht tacaíochta agus mhuintir na háite san áit a mbíonn an comórtas á reáchtáil.

Tréaslaíonn muid le Fochumann Lúthchleas Gael Ghaoth Dobhair agus guímid gach beannacht orthu agus gach rath ar imeachtaí an deireadh seachtaine. Tá obair mhór déanta acu agus iad ag ullmhú go dícheallach don deireadh seachtaine. Tá Fochumann Ghaoth Dobhair ar cheann de na cumainn is dílse don teanga agus is í an Ghaeilge teanga oibre an chumainn. Is eiseamláir iad do chumainn ar fud na tíre agus go háirithe na cumainn Ghaeltachta.

Tá foireann spóirt Raidió na Gaeltachta ag súil go mór lena gcuairt ar Mhachaire Gathlán agus beidh siad ar thaobh na bpáirceanna i rith an deireadh seachtaine le tráchtaireacht agus tuairiscí, agallaimh agus anailís agus dár ndóigh, ceol agus craic. Cuirfear tús leis an chraoladh ag 10.30 maidin Dé Sathairn agus beidh gach cic agus scór dá chraobhscaoileadh ar an raidió go dtí go mbronnfar na Coirn tráthnóna Dé Luain.

Bainigí uilig sult as an cheiliúradh, bíodh sibh ar an láthair nó ag éisteacht sa bhaile agus go mbeirimid beo ar an am seo arís sna Déise in 2013.

Edel Ní Chuireáin,
Ceannaire RTÉ Raidió na Gaeltachta.

# Teachtaireacht ó Aire na Gaeltachta



Mar Aire Gaeltachta ba mhaith liom comhghairdeas mór a dhéanamh le Cumann Lúthchleas Gael Ghaoth Dobhair as an sárobair atá déanta acu ag eagrú Cluichí Ceannais Chomórtas Peile na Gaeltachta 2012. Is ócáid speisialta a bhíonn sa chomórtas náisiúnta seo i gcónaí, agus mar Chonallach bíonn bród ar leith orm, nuair a bhíonn sé ar siúl i mo cheantar féin – agus ar ndóighe, an iarraidh seo tá sé ar siúl i mo pharóiste féin – ach dhéanfaidh mé mo sheacht ndícheall gan a bheith claonta, ach mar sin féin ní thig liom aon ghealltanas a thabhairt!

Tá tábhacht ollmhór ag baint leis an chomórtas peile seo do mhuintir na Gaeltachta. Seo an séú huair a bhfuil an comórtas ar siúl i nGaoth Dobhair agus is eol dúinn uilig go gcothaíonn sé caidreamh agus teangmháil idir na Gaeltachtaí uilig. Gan dabht, is mór an ócáid í i bhféilire na Gaeltachta le fada anois, ach, más ócáid spórtúil í, is ócáid í chomh maith chun ár ndílseacht don Ghaeilge a thaispeáint. Tá mé cinnte de gur féidir brath ar iomaitheoirí agus ar an lucht tacaíochta araon a ndíograis a léiriú don teanga dhúchasach i rith an chomórtais.

Tuigim go bhfuil an cumann seo ag déanamh an-iarracht imeachtaí sóisialta éagsúla a chur ar siúl taobh amuigh den pheil, chun freastal ar an phobal go léir, idir óg agus aosta le linn an chomórtais. Tá na háiseanna cuí ann – páirceanna peile agus seomraí feistis, tithe lóistín agus óstáin, lucht tacaíochta agus cainteoirí Gaeilge go leor. Tréaslaím leis an choiste áitiúil a bhfuil obair mhór curtha isteach acu in eagrú an chomórtais agus is fada iad ag obair chun a chinntiú go mbeidh deireadh seachtaine den chéad scoith ag achan duine. Spreagann an comórtas seo mórtas agus bród i ndaoine as a n-oidhreacht féin, as a gcanúint féin agus as a gceantar féin. Tá na himreoirí bródúil ionadaíocht a dhéanamh thar cheann a gcumainn agus a gcontaetha.

Mo bhuíochas do Raidió na Gaeltachta agus do TG4 a thugann deis do na daoine nach mbíonn ar a gcumas freastal ar na cluichí, sult agus pléisiúr a bhaint astu agus iad sa bhaile.

Mar fhocal scoir, cuirim fáilte mhór roimh na foirne uilig a ghlacfaidh páirt sa chomórtas agus guím gach rath orthu ina gcuid cluichí thar dheireadh na seachtaine. Tá mé lánchinnte go mbeidh deireadh seachtaine taitneamhach, pléisiúrtha, lán de spraoi, spórt agus craic ag achan duine.

Donnchadh Mac Fhionnghaile TD,
Aire na Gaeltachta.

# Teachtaireacht ón Choimisinéir Teanga



Tá súil agam go mbainfidh an pobal i gcoitinne sult agus spórt as Comórtas Peile na Gaeltachta i nGaoth Dobhair i mbliana. Mar chomharsa ón pharóiste béal dorais guím gach rath ar fhéile na bliana seo.

Tá a fhios agam go gcuirfear fáilte ar leith roimh na cuairteoirí as na ceantair Ghaeltachta ar fad agus as gach cearn eile den tír agus tá mé lánchinnte go mbainfidh na cuairteoirí sin taitneamh as an ócáid agus as áilleacht an cheantair.

Ócáid thábhachtach shóisialta, chultúrtha agus spóirt í Comórtas Peile na Gaeltachta a thugann deis do phobal Gaelach na tíre seo seal a chaitheamh go pléisiúrtha i gcomhluadar a chéile. Molaim go mór mar a thugtar tús áite dár dteanga náisiúnta ag na cluichí féin agus ag ócáidí eile de chuid an deireadh seachtaine.

Is ceart a rá go bhfuil comharthaí dearfacha go maith ann maidir le húsáid na teanga sa tír i gcoitinne faoi láthair. Chruthaigh staitisticí ón daonáireamh deiridh níos luaithe i mbliana go raibh méadú 7% ón daonáireamh roimhe sin ar líon na ndaoine sa tír a dúirt go raibh Gaeilge acu. Bhí méadú 7% ar líon na ndaoine lasmuigh den chóras oideachais a dúirt gur úsáid siad an teanga achan lá, agus méadú 3% ar líon na ndaoine sa Ghaeltacht a dúirt gur úsáid siad an teanga achan lá fosta taobh amuigh den chóras oideachais. Dea-scéala atá sna staitisticí sin.

Os a choinne sin, ní raibh stádas na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht chomh leochaileach uair ar bith agus atá anois. Sin an chúis a bhfuil tábhacht chomh mór sin le hócáidí cosúil leis an chomórtas peile a thugann spreagadh, misneach agus muinín dúinn lena cinntiú go mairfidh pobail láidre de chainteoirí dúchais ar fud na tíre.

Ní mhairfidh an Ghaeilge mar rogha theanga an phobail sa Ghaeltacht mura bhfuil stádas ag an teanga agus in achan ghné de shaol na tíre, i dTithe an Oireachtais, sna cúirteanna, in obair laethúil na seirbhíse poiblí, i gcúrsaí gnó, creidimh agus spóirt, mar shampla. Agus ní mhairfidh sí sna réimsí sin den saol mura bhfuil pobail Ghaeltachta ann a bhfuil sí mar theanga bheo phobail acu. Tá an dá ghné seo fite fuaite ina chéile agus iad ag brath go hiomlán ar a chéile.

Níor cheart a ligean i ndearmad go bhfuil an teanga seo á labhairt mar theanga pobail sa Ghaeltacht le dhá mhíle bliain: í tugtha ar aghaidh ó ghlúin go glúin, gan briseadh gan bearna. Tá súil agam go mbeidh Comórtas Peile na Gaeltachta i nGaoth Dobhair ina chuidiú breise le daoine a spreagadh leis an teanga a úsáid go leanúnach, rialta.

Tá moladh an-mhór ag dul do achan duine a bhfuil baint acu le heagrú Chomórtas Peile na Gaeltachta agus tá súil agam go mbeidh deireadh seachtaine den chéad scoth ag achan duine a bheas i láthair ag na himeachtaí ar fad.

Seán Ó Cuirreáin,
An Coimisinéir Teanga.


Siopa Ó Dochartaigh
An lunnaigh, Na Doiri Beaga
**Stáisiún Peitreal, Crua Earraí, Ionad Gairdín,**
Fón 074-9531153

*Gach Rath le CLG Gaoth Dobhar ag reachtail Comórtas Peil Na Gaeltachta 2012*

ó

*Martin, Derena & an Foireann*

Siopa Ó Dochartaigh
**An Lunnaigh, Na Doiri Beaga**

**Stáisiún Peitreal Crua Earraí**
**& Ionad Gairdín**
**Fón 074-9531153**





AR MHAITH LEAT TUILLEADH ÚSÁIDE A BHAINT AS DO CHUID GAEILGE?
TEANGA BHEO, NUA-AIMSEARTHA Í AN GHAEILGE.
IS É DO ROGHA Í A LABHAIRT.
IS É DO CHEART Í A ÚSÁID.
Déan na scrúduithe stáit i nGaeilge
Bain leas as an leagan Gaeilge de d'ainm agus do sheoladh
Déan iarratas i nGaeilge chun do phas a fháil
Déan iarratas i nGaeilge chun do cheadúnas tiomána a fháil
Déan do ghnó leis an stát i nGaeilge
An Coimisinéir Teanga
AG COSAINT CEARTA TEANGA
An Coimisinéir Teanga, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Fón: 091 504 006 Glao Áitiúil: 1890 504 006
eolas@coimisineir.ie www.coimisineir.ie

# Bunbeg Holiday Homes



**Tithe den chéad scoith le ligean ar cíos.**

An Bun Beag, Leitir Ceanainn, Tír Chonaill.
Fón: +353 (0)74 9531401
Facs: +353 (0)74 9532749
Idirlíon: www.BunbegHolidayHomes.com

Ireland

**Ag guí gach rath ar fhoirne Ghaoth Dobhair sna comórtais i mbliana.**




## Scíth agus só i gceartlár na Gaeltachta

## Ádh mór ar Ghaoth Dobhair i gcomórtas na bliana seo.









Go n-éirí go geal le
Gaoth Dobhair
i gcluichí
na bliana seo.

Ag guí gach
rath ar
Chomórtas Peile na
Gaeltachta 2012.






**Busanna Mhic Giolla Chomhaill,**
Bun na Leaca, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.
**Guthán:** (074) 9531208 * **Facs:** (074) 9531718
**Guthán Póca:** 087-2470385 * **Ríomhphost:** info@coylescoaches.ie
**Idirlíon:** www.coylescoaches.ie

Cuireann Busanna Mhic Giolla Chomhaill raidhse leathan de sheirbhísí taistil ar fáil idir turais lae, turais gailf, oilithreachtaí, taisteal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Téigh i dteagmháil linn i dtaca le haon fhiosrúchán taistil, bíodh sé beag nó mór.

**Ag guí gach rath ar fhoirne Ghaoth Dobhair agus ar Chomórtas Peile na Gaeltachta 2012.**

# Guíonn Sinn Féin gach rath ar Chomórtas Peile na Gaeltachta

## Pearse Doherty TD



**Oifig Dáil Cheantair**
Machaire Chlochair, Na Doirí Beaga, Leitir Ceanainn
074 95 32832
Oscailte 10am - 4.30pm

**Oifig Dáil Cheantair**
16 Chestnut Road
Bealach Féich
074 91 31899
Oscailte 10am - 2pm

**Oifig Dáil Cheantair**
Pier 1
Baile Dhún na nGall
0867232942
Oscailte 2.30pm - 4.30pm
(an dara agus an Aoine deireanach de gach mí)

**Ríomhphost:** pearse.doherty@oir.ie

**www.pearsedoherty.ie**



## Comhairleoir Marie Therese Gallagher

**Oifig Shinn Féin**

Machaire Chlochair,
Na Doirí Beaga,
Leitir Ceanainn

Oscailte 10am - 4.30pm

074 95 32832
Mob: 087-2982248

**Ríomhphost:** marietgallagher@gmail.com

**www.donegalsf.com**

GALLAGHER'S FOODSTORE
Gaoth Dobhair
Fón: (074) 95 31215  Facs: (074) 95 31241




Siopa, Búistéir, Eischeadúnas
agus Stáisiún Peitril

Tá súl again  mbeidh am ar dóigh
ag achan duine ag
Comórtas Peile na Gaeltachta 2012.

Guímid gach rath ar Ghaoth Dobhair
agus ar an fhéile.

# Ionad Naomh Pádraig

AG ÉISTEACHT LEIS AN PHOBAL AGUS AG GNÍOMHÚ AR A SHON

***Fáilte go Paróiste Ghaoth Dobhair***
***ó***
***Choiste Bainistíochta & Foireann***
***Ionad Naomh Pádraig***
***Dobhar***

'Aithníonn an Croí Gaol'

## Oifig Fáilte

***Bí i dteagmháil linn:***

***Seoladh:*** Dobhar, An Bun Beag, Gaoth Dobhair, Tír Chonaill.
***Guthán:*** 074 95 32949 / 086 825 9752
***Ríomhphost:*** ionadnp@eircom.net
***Idirlíon:*** www.ionadnp.ie
***Facebook:*** www.facebook.com/IonadNaomhPádraig
***Blag:*** www.barrnagaoithe.wordpress.com

Ádh mór ar CLG Ghaoth Dobhair

# Buaiteoirí Chomórtas na Sinsear 1969-2011

| Bliain | Ionad | Buaiteoirí | Tánaistí |
|---|---|---|---|
| 2011 | Cloich Cheann Fhaola | **Cloich Cheann Fhaola** | Maigh Cuilinn |
| 2010 | Béal an Mhuirthead | **Béal an Mhuirthead** | Cill tSéadhna |
| 2009 | Ros Muc | **Ard an Rátha** | Carna-An Caiseal |
| 2008 | Naomh Columba | **Cill Chartha** | Naomh Columba |
| 2007 | Béal Átha an Ghaorthaidh | **Gaoth Dobhair** | Tuar Mhic Éadaigh |
| 2006 | An Spidéal | **Béal an Mhuirthead** | Mícheál Breathnach |
| 2005 | Cill na Martra | **Naomh Abán** | Gaoth Dobhair |
| 2004 | Gaoth Dobhair | **Gaoth Dobhair** | Baile Bhuirne |
| 2003 | Baile Bhuirne | **Naomh Abán** | Baile Bhuirne |
| 2002 | Gaoth Dobhair | **Leitir Móir** | Baile Bhuirne |
| 2001 | An Clochán Liath | **Piarsaigh na Dromada** | Baile Bhuirne |
| 2000 | Baile Bhuirne | **Cill tSéadhna** | Cill Chartha |
| 1999 | An Ghaeltacht (Ciarraí) | **An Rinn** | Baile Bhuirne |
| 1998 | Ard an Rátha | **Cloich Cheann Fhaola** | Cloich Cheann Fhaola |
| 1997 | An Cheathrú Rua | **An Cheathrú Rua** | Corca Dhuibhne |
| 1996 | Corca Dhuibhne | **Baile Bhuirne** | Baile Bhuirne |
| 1995 | Corca Dhuibhne | **An Fhairche** | An Fhairche |
| 1994 | Gaoth Dobhair | **Gaoth Dobhair** | An Cheathrú Rua |
| 1993 | Cloich Cheann Fhaola | **Ráth Cairn** | Leitir Móir |
| 1992 | Cloich Cheann Fhaola | **Indreabhán** | An Cheathrú Rua |
| 1991 | Cill Chartha | **B. Átha an Ghaorthaidh** | Maigh Cuilinn |
| 1990 | Cill Chartha | **Gallarus** | Corca Dhuibhne |
| 1989 | Cill Chartha | **Gleann Cholm Cille** | Naomh Columba |
| 1988 | Múscraí | **An Cheathrú Rua** | Cill Chartha |
| 1987 | Cill Chartha | **Béal an Mhuirthead** | An Fhairche |
| 1986 | Gleann Cholm Cille | **Na Dúnaibh** | An Fhairche |
| 1985 | Béal an Mhuirthead | **Gallarus** | Corca Dhuibhne |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1984 | Béal an Mhuirthead | **An Rinn** | Ard an Rátha |
| 1983 | Na Dúnaibh | **Gaoth Dobhair** | Béal an Mhuirthead |
| 1982 | Baile Bhuirne | **Gaoth Dobhair** | Béal an Mhuirthead |
| 1981 | Baile Bhuirne | **Indreabhán** | Naomh Ciarán |
| 1980 | Baile Bhuirne | **An Fhairche** | An Fhairche |
| 1979 | Baile Bhuirne | **Baile Bhuirne** | Corca Dhuibhne |
| 1978 | Gleann Cholm Cille | **Gleann Cholm Cille** | An Fhairche |
| 1977 | Na hAghasaigh | **An Daingean** | Baile Bhuirne |
| 1976 | Gaoth Dobhair | **An Cheathrú Rua** | Baile Bhuirne |
| 1975 | Baile Bhuirne | **Gaoth Dobhair** | Leitir Móir |
| 1974 | Na hAghasaigh | **Baile Bhuirne** | Naomh Conall |
| 1973 | Maigh Eo | **An Cheathrú Rua** | Gaoth Dobhair |
| 1972 | Na hAghasaigh | **An Daingean** | Baile Bhuirne |
| 1971 | Maigh Cuilinn | **Baile Bhuirne** | Baile Bhuirne |
| 1970 | Conamara | **Baile Bhuirne** | Baile Bhuirne |
| 1969 | Gaoth Dobhair | **Gaoth Dobhair** | Corca Dhuibhne |




**Turais laethúla go Toraigh ar an Tor Mór**

**8.30am, 11.30pm agus 5.00pm**

**Oifig foscailte gach lá (074) 9531320 / (074) 9531340**



# Cill tSéadhna (Sinsir)

Bunaíodh an club sa bhliain 1962. Bhailigh cúpla duine i halla an Pharóiste agus shocraigh said foireann sóisear a chlárú don bhliain 1963. Bhí dhá chluiche iontacha idir Béal an Mhuirthead agus Cill tSéadhna. Ceann amháin i nDubh Thuma agus ceann eile i mBéal an Mhuirthead. Bhí 'Big Pat' R.I.P., ag imirt linn ag an am. Bhí foireann i mBeannchor sa bhliain 1906 'Na Sairséalaigh' a ghlaoigh said orthu féin. Sa bhliain 1965 bhuaigh said 'Craobh Mhaigh Eo Thuaidh' agus an bhliain ina dhiaidh sin bhuaigh siad Craobh Mionúir. Dála an scéil is iad na hoifigigh a toghadh nuair a bunaíodh an club ná Eoin Ó Neachtáin (Cathaoirleach) R.I.P., Liam Ó Ciardha (Rúnaí agus Cláraitheoir) agus Paraic Ó hÉilí (Cisteoir) R.I.P.

I 1972 bhuaigh said Craobh an Chontae agus i 1973 fuair siad an chraobh idirmeánach. Buadh orthu sa chluiche leathcheannais 1974 agus buadh orthu arís i 1976 sa chluiche ceannais léig (sinsir). Bhuaigh said craobh sinsear an léig sa bhliain 1992. Buadh orthu i gCraobh an Chontae i 1989 agus arís i 1995. Ghlac said páirt i gComórtas Chonnacht i 1995 mar d'ainmnigh an Coiste Contae iad mar go raibh agóid idir an dá fhoireann eile.

Sa bhliain 1978, d'oscail Paraic Ó Moicléir an pháirc agus na seomraí gléasta go hoifigiúil. Pléascadh an seomra gléasta le linn thréimhse fhada seaca trí bliana ó shin.

Bhí Comórtas Peile na Gealtacha i mBaingear sa bhliain 2000 agus d'éirigh go hiontach leis. Osclaíodh an Spórtlann nua ag an bpáirc go hoifigiúil ar an 30ú Aibreán 2006.



*Caiftín CLG Chill tSéadhna ag fáil Corn Cuimhneacháin Seán Seosamh Ó Gallchóir ón Teachta Dála John O'Mahony.*



*An t-imreoir idir contae Mickey Mac Suibhne.*

**Cumann Peile Naomh Abán**
**Baile Bhuirne**

# Naomh Abán (Sinsir)

Tá an Cumann suite i bParóiste Bhaile Bhuirne i nGleann an tSúláin, ar mhórbhóthar Mhaigh Chromtha/Cill Áirne, ar an taobh thoir den dteorainn. Tá dhá pháirc imeartha – Páirc Naomh Abán agus ceann nua, Páirc an Choláiste idir an dá chuid den sráidbhaile. Bogach a bhí sa chéad pháirc – an Portach Rua – ach le cabhair áitiúil triomaíodh an talamh, leagadh amach faiche breá féarmhar, le seomraí feistis agus falla. Ar an 25ú Feabhra 1979 ag an oscailt oifigiúil nocht Conchúr Ó Murchú, Uachtarán C.L.G. leacht; Páirc Abán, i gcuimhne Chonchúir Uí Luasa. D'imir Ciarraí agus Corcaigh i gcluiche dúshláin. Tá páirc nua ag an gCumann suite in aice le Coláiste Íosagáin - Páirc an Choláiste, áit a bhfuil forbairt mhór déanta ó 2007 ar aghaidh.

Ceantar Gaeltachta é an ceantar agus tá cáil air sa cheol, sa litríocht, agus san amhránaíocht. Cabhraíonn an club leis an dtraidisiún sin a choimeád agus bíonn baill páirteach ins na gnéithe éagsúla.

Tá gaisce déanta ag go leor imreoirí Naomh Abán leis na blianta. Tá bonn Sigerson ag Mícheál Ó Scanaill agus Donal Óg Ó Liatháin. Tá boinn Chomórtais an Bhóthair Iarainn agus Chraobh Sinsir Mumhan, ag Ó Scanaill chomh maith. Tá bonn sraithe ag Jerry Ó Loingsigh. Tá boinn Mionúir Fé-21 agus Sóisir Uile Éireann buaite ag a lán imreoirí. Tá boinn uile Éireann mionúir buaite ag Diarmaid Mac Cárthaigh agus ag a mhac Jonathan. Bhuaigh Antaine Ó Loingsigh bonn sinsear uile Éireann i 2010. D'imir Antaine agus Micheál Ó Cróinín le cheile i gCluiche Ceannais na hÉireann i 1999. Chaith an bheirt acu an chuid is mó de na blianta ina dhiaidh sinik ngeansaí an Chontae. Bhain Antaine an ghradam "All-Star" amach ar dhá ócáid, is d'imir sé leis an foireann Idirnáisiúnta in aghaidh na Astráile.

In iomlán, d'imir na daoine seo ar fhoirne Chorcaí:
Tadhg Ó Tuathaigh, Dónal J Ó Loingsigh ins na fichidí, Gearóid Ó Laoire ins na dachaidí. Ba ins na seascaidí a thosnaigh a lán imreoirí dá bpiocadh don Chontae.

Sinsir: Diarmuid (Jerry) Ó Luasa, Diarmaid Mac Carthaigh, Mícheál Ó Scanaill, Diarmuid Ó Loingsigh, Mícheál Ó Críodáin, Jonathan Mac Carthaigh, Antaine Ó Loingsigh, Tadhg Ó Murchú, Mícheál Ó Croinín.

Mionúir: Seán Ó hAlmhain, Jerry Ó Loingsigh, Antaine Ó Loingsigh, Diarmaid Mac Carthaigh, Jonathan Mac Carthaigh, Micheál Ó Scanaill, Séan Ó Mulláin, Tadhg Ó

Murchú, Peadar Ó hEalaithe, Dónal Ó Croinín, Micheál Ó Croinín, Mícheál Ó Tuama. Fé21: Diarmuid Ó Luasa, Diarmaid Mac Carthaigh, Antaine Ó Loingsigh, Jonathan Mac Carthaigh, Micheál Ó Criodáin, Micheál Ó Scanaill, Tadhg Ó Murchú, Jerry Ó Loingsigh, Donal Ó hEalaithe, Peadar Ó hEalaithe, Séan Ó hAlmhain, Liam Ó Fuaráin, Liam Mac an Mhaoir, Donal Ó Croinín, Micheál Ó Croinín, Colmáin Ó Tuama, Micheal Ó Laoire.

| | |
|---|---|
| Craobh Idirmheánach Chorcaí | 1977, 1999 |
| Sraith Idirmheánach Chorcaí | 1974, 1996, 1998 |
| Corn Tom Creedon | 1996, 1998 |
| Comórtas Peile na Gaeltachta | 1975, 1979, 1980, 1981, 1982, 2000,2003, 2005 |
| Craobh Soisir Mhuscraí | 1928, 1967, 1970, 1971, 1973, 1988 |
| Craobh Soisir Chorcaí | 1973, 1988 |
| Craobh Soisir B Mhuscraí | 1971, 1995 |
| Craobh Soisir C Mhuscraí | 1996, 2007, 2009 |
| Fé 21 Mhuscraí | 1965, 1966, 1967, 1968, 1969, 1973, 1976, 1980, 1987, 1995 |
| Mionúir Mhuscraí | 1965, 1966, 1967, 1981, 1992, 1993, 1996, 1997, 2010 |
| Craobh Fé 16 Chorcaí | 2004 |

**An Painéal:**

1. Seannachain Ó hUidhir
2. Seamus Ó Mathúna
3. Chris Ó Deasúna
4. Aodh Ó Croinín
5. Antaine Ó Loingsigh
6. Colmán Ó Tuama
7. Tadhg Ó Scanaill
8. Mícheál Ó Croinín
9. Donnchú Ó Croinín
10. Amhlaoibh Ó Loingsigh
11. Shane Mac Carthaigh
12. Daira Ó Suilleabháin (Captaen)
13. Diarmuid Ó Scanaill
14. Liam Mac Suibhne
15. Seamus Ó Riada
16. Seamus Ó Laoghaire
17. Donnchú Ó Ceochain
18. Jason Mac Carthaigh
19. Niall Ó Ceallaigh
20. Padraig Ó hAilíosa
21. Artur Hankus
22. Murish Ó Donnchu
23. Conchur Ó Loingsigh
24. Sean (A) macCarthaigh
25. Cathal Ó hAllamhain
26. Declan Ó hAllamhain
27. Padraig Ó Ceilleachair
28. Mickey Ó Donnchú
29. Johnny Ó Brian

# Cloich Cheann Fhaola (Sinsir)

Bunaíodh cumann de chuid CLG i bparóiste Chloich Cheann Fhaola chóir a bheith céad bliain ó shin mar níl mórán dabht ach gurbh é ar an domhnach an 4ú Lúnasa 1918 a d’imir foireann as Chloich Cheann Fhaola le chéile den chéad iarraidh nuair a thug an fhoireann baile aghaidh ar fhir an Chraoslaigh in aice le cé Bhaile an Easa, cúpla míle síos ó na Croisbhealaí.  Pádraig Mac Cnaimhsí, múinteoir scoile as na Rosa Íoctarach a chaith a shaol ag múineadh i Scoil Chnoc na Naomh i nDoire Chonaire a chur ord agus eagar ar an chéad fhoireann sin agus fosta na foirne a d’imir i Sraith Thuairscirt Dhún na nGall sna blianta 1920-21 agus dá bhárr a dhícheall tá club CLG sa pharóiste ó shoin i leith ach amháin cúpla bliain thall agus abhus nuair a thit an tóin as an eagrú.

Nil ach cuplá míle d’aistear le déanamh ag foireann Chloich Cheann Fhaola an lae inniu le Corn an Aire a bhain siad anuraidh a chosaint agus tá an club iontach dóchasach go mbeidh an lá leo i mbliana arís cé go mbeidh cúpla imreoir tábhachtach in easnamh orthu an deireadh seachtaine seo.  I ndiaidh na craoibhe a bhaint thiar in Indreabhán sa bhliain 1992 agus thuas i Ráth Chairn an bhliain dar gcionn, bhí Cloich Cheann Fhaola ar a mbealach trí chraobh shinsearacha as a chéile a bhaint amach, laochra na tréimhse sin: Seosamh Ó Ceallaigh, Seosamh Mac Gairbheith, Alan Mac Pháidin, Peadar Ó Cuireáin, Caoimhín Ó Baoighill, Seán Ó Baoighill.

Nuair a bhí an comórtas i nGaoth Dobhair go deireanach sa bhliain 1994 chaill siad cluiche tábhachtach go conspóideach an t-am sin agus beidh lucht tacaíochta an chlub ag dréim le curaidh Pheil na Gaeltachta 2011 déanamh suas ar son an éagóra sin, laochra 2011, Donnachadh Ó Baoighill, Caoimhín Mac Phaidin, Caoimhín ó Maoilchiaráin, Micheál Ó Lionsigh agus Pádraig Ó Dubhchóin.



# An Rinn (Sinsir)

**Painéal Imreoirí:** Tom Ó Cadhla; Criostóir Breathnach;Séaghan Ó Cuirrín; Éanna de Faoite; Lorcán Ó Corraoin; Cathal Ó Cuirrín; Cillian Ó Murchadha;Eoghan Breathnach; Diarmaid Ó Meachair; Tadhg Ó hUallacháin; Ferdia Ó hAodha; Séaghan Ó Ceallaigh; Bilí Breathnach; Pádraig Ó Murchadha; Darach Breathnach; Liam Ó Lonáin; Odhrán Ó hUallacháin; Ciarán Ó Manacháin; Dónal Breathnach; Cian Ó Conchúir; Eoin Ó Murchadha; Réa Ó Ceallaigh; Noel Ó Murchadha; Dónal Ó Murchadha; Tadhg Ó Cuirrín; Seán Ó hArtaigh; Ciarán Tóibín; Fearghal Ó Ceallaigh.

**Foireann Bhainistíochta**: Liam Ó Corraoin; Seán Ó Corraoin; Mattie Ó Maoldomhnaigh; Séimí Mac Craith; Cormac Ó hUallacháin.

**Oiliúnóir**: Gearóid Ó Tuama.

**Stair CLG na Rinne**
Sa bhliain 1890 a bunaíodh CLG na Rinne céad lá agus cur chun cinn na gcluichí Gaelacha, na teanga Gaeilge, agus an chultúir Ghaelaigh i measc óg agus aosta i bParóiste na Rinne mar sprioc againn ó shin. Tá dúil faoi leith ag an gcumann i mbabhtaí ceannais Chomórtas Peile na Gaeltachta agus táimid ag freastal orthu nach mór gach bliain le tamall maith de bhlianta anois. Bhí sé de phribhléid againn na babhtaí ceannais den gComórtas a d’eagrú faoi dhó i 1984 agus i 1999 agus táimid ag súil go mór leis na mórtha fáilte a chur roimh chairde an Chomórtais go Páirc Uí Shíothcháinarístan bhliain seo chugainn. Tháinig deireadh le gorta fada sa bhliain 2008

nuair a bhuamar corn sóisear Chomórtas Peile don chéad bhabhta agus is sa ghrád sinsear atáimid ag imirt ó shin. Sa ghrád sinsear agus sóisear a imríonn peileadóirí an chumainn i bPort Láirge agus is sa ghrád idirmheánach agus sóisear a bhíonn na hiománaithe ag imirt. Comhfhoireann lenár gcomharsana sa tSean Phobal a bhíonn i gceist leis na foirne faoi aois.

Imríonn Liam Ó Lonáinagus Tadhg Ó hUallacháin le foireann shinsear peile Phort Láirge agus bhí sé de ghradam ag an gcumann Réa Ó Ceallaigh a bheith ina chaptaen ar pheileadóirí faoi 18 an chontae anuraidh agus is é Jamie de Barúin ón Rinn a bhí mar chaptaen ar an bhfoireann chéanna aríst i mbliana. Tá Dónal Breathnach ag imirt leis na hiománaithe faoi 21 chomh maith.

**Buanna:**
Craobhchomórtas Peile Idirmheánach Phort Láirge: 1996; 2005.
Craobhchomórtas Peile Sóisir Phort Láirge: 1924; 1962; 1991.
Comórtas Peile na Gaeltachta: 2008.
Craobhchomórtas Peile Faoi 21 'B' Iarthar Phort Láirge: 2002; 2008.
Craobhchomórtas Peile Faoi 18 Phort Láirge: 1954; 1955; 2011.
Craobhchomórtas Peile Faoi 18 Iarthar Phort Láirge: 1993; 2003; 2004; 2008.
Craobhchomórtas Peile 'A' Faoi 21 Iarthar Phort Láirge: 1967; 1991.
Craobhchomórtas Peile Idirmheánach Iarthar Phort Láirge: 1974; 1993; 1994; 1996; 2001; 2005;
Craobhchomórtas Iomána Idirmheánach Iarthar Phort Láirge: 2008.
Craobhchomórtas Iomána Idirmheánach Phort Láirge: 2008.
Craobhchomórtas Iomána Sóisir 'B', Iarthar Phort Láirge: 2007.
Craobhchomórtas Iomána Sóisir 'A' Phort Láirge 1991.
Craobhchomórtas Iomána Faoi 21 Phort Láirge: 1989.
Craobhchomórtas Iomána Faoi 21 Iarthar Phort Láirge: 1989; 1991; 2002.



# An Daingean (Sinsir)

Bunaíodh an cumann in 1891 agus ó shin i leith tá an cumann gníomhach i ngach comórtas sa Chontae le 40 bonn Uile Éireann ag laochra mar Batt Ó Conchubhair a bhuaigh an chéad cheann i 1909. O shin i leith bhí daoine mar Bill Dillon(Captaen Chiarraí) i 1941,Tom 'Gega' Ó Conchubhair (Captaen Chiarraí) i 1939 nuair a bhuaigh Ciarraí Craobh na hÉireann ag caitheamh dearg agus bán an Daingin, Paddy Bán Ó Brosnacháin, Seán Ó Brosnacháin agus níos déanaí Tomás Ághas agus a lán eile.

Inniu tá traidisiún an Chlub le foireann Chiarraí á leanúint ag Diarmuid Ó Murchú a d'éirigh as an bpeil idir chontae Chiarraí 2010 le 4 bhonn Uile Éireann agus 3 Ghradam All-Star aige agus atá anois mar roghnóir le foireann Chiarraí. Tá Tomás Ó Grifín le 5 bhonn Uile Éireann aige éirithe as an bhfoireann idir chontae i mbliana. Tá Micheál Ó Géibheannaigh ar phainéil sinsear Chiarraí, Daragh Ó Súilleabháin ar fhoireann faoi 21 agus Gavin Ó Corráin ar fhoireann Mionúir Chiarraí. Tá foireann sinsearach an Chlub páirteach sna Comórtais sraithe agus Craoibhe Chiarraí agus Comórtas Craobh na gClub an Chontae. Táimid sa chéad áit i gComórtas Sraithe Chiarraí go dtí seo le bua ar Chrócaigh, Cill Airne ag an deireadh seachtaine. Tá dhá foirne sinsearach eile, foireann B i roinn a 5 agus foireann C páirteach i gcomórtais sraithe Sóisearach Chiarraí.

Tá an chlub ag forbairt i gcónaí le foirne láidir i ngach grád ó faoi 8 suas go foireann sinsearach. Bunaíodh Cumann Peile Ban Daingean Uí Chúis i 2010 agus tá an chlub ag fás go tapa go háirithe na foirne faoi aois.

Tá páirc an imeartha, Páirc an Ághasaigh, ainmnithe i ndiaidh laoch mór na staire Tomás Ághas a rugadh i Mineárd, Lios Póil, cúpla míle soir ón baile. Seo é an tríú bliain, le déanaí go bhfuil foireann sinsearach Dhaingean Uí Chúis ag déanamh ionadaíochta do Chiarraí sa Chomórtas. Go n-eirí libh.

**An Painéal:**

1. Seán Ó Flatharta
2. Sean B. Ó Brosnacháin
3. Jason Ó Murchú
4. Tomás B Ó Brosnacháin
5. Pól Ó Dubháin
6. Liam Ó Conchúr
7. Gavin O Curráin
8. Colm B Ó Muircheartaigh
9. Seamus Ó Dubhda
10. Marc Ó Éibhín
11. Ryan Ó Beaglaíoch
12. Breandán Ó Céilleachair, Caiftín
13. Pól Ó Géibheannaigh
14. Seosamh Mac An tSíthígh
15. Daithí Ó Dubháin
16. Daithí Ó Géibheannaigh
17. Adrian Ó Dubhaín
18. Brian Ó Dubháin
19. Dara Ó Suilleabháin
20. Eoghan Ó Conchúir
21. Pól Mac Muiris
22. Seán D Ó Conchúr
23. Brian Ó Conaill
24. Pádraig Ó Dubháin



# An Cheathrú Rua (Sinsir)

Bunaíodh C.L.G An Cheathrú Rua sa mbliain 1967. Tá foirne againn i chuile Ghrád ó faoi 8 suas go dtí Sinsir. Ba iad na blianta ag deireadh an chéid seo caite ab fhearr a d'éirigh leis an Chumann am ar shroich muid trí chluiche ceannais craoibhe agus bhua muid an corn i 1996.

Tá dlúthbhaint ag an gCumann le Comórtas Peile na Gaeltachta, bhí muid sna babhtaí ceannais seacht n-uaire déag agus ag reáchtáil an Chomórtais Náisiúnta i 1973, 1976, 1988 agus 1997 agus le cúnamh Dé go mbeidh sé ar an bhfód againn arís gan mórán moille sna blianta beaga amach romhainn.

Tá muid ag súil le sár-chomórtas i nGaoth Dobhair agus ag súil go mbeidh spiorad iontach an chomórtais agus spiorad na Gaeltachta le feiceáil go láidir le linn an deireadh seachtaine.

**An Painéal:**

1. Ciarán Mac Eanraic
2. Iarla Ó Conchubhair
3. Ian Seoighe
4. Seán Éanna Ó Flatharta
5. Cathal Ó Lorcáin
6. Gearóid Ó Conghaile
7. Ciarán Ó Loideáin
8. Micheál Ó Briain
9. Séamus Ó Loideáin
10. Pádraig Ó Loideáin
11. Cillín de Paor
12. Antaine Ó Conghaile
13. Niall Ó Brian
14. Antaine Ó Cadhain
15. Ciarán de Paor
16. Ciarán Mac Donnacha
17. Peadar Ó Conghaile
18. Daithí Ó Conghaile
19. Oisín Ó Gríofa
20. Iarfhlaith Ó Gríofa
21. Micheál Antaine Ó Loideáin
22. Pádraig Ó Maoláin
23. Pádraig Seosamh Ó Domhnaill
24. Pádraig de Paor
25. Caoimhín Ó Gionnáin
26. Conaill Ó Máille
27. Simon Mac Cormaic
28. Aonghus Mac Donnacha
29. Caoimhín Ó Conghaile
30. Padraig Ó Flatharta

**Bainisteoir:** Micheál Ó Máille
**Roghnóirí:** Micheál Ó Lorcáin, Caoimhín Ó Gionnáin
**Traenalaí:** Caoimhín Ó Gionnáin
**Maor Uisce:** Ciarán Ó Cualáín
**Captaen:** Micheál Ó Brian
**Dathanna:** Dearg & Dubh

- **Éachtaí CLG na Ceathrún Rua:**

- Bunaithe 1967
- Craobh Shinsir an Cho. 1996
- Sraith Shinsir an Cho. 1994, 1998
- Sraith Shinsir B an Cho. 2009
- Sraith Shinsir Chonnacht 2003
- Craobh Shóisir B. an Cho. 1993
- Craobh Idirmheánach an Cho. 1987
- Craobh Idirmheánach an Iarthair. 1987
- Sraith Shóisir A an Cho. 2001
- Craobh Shóisir A an Iarthair 1999
- Craobh Shóisir C an Iarthair 2005
- Sraith Shóisir C an Iarthair 2003
- Craobh Shóisir an Iarthair 1984
- Sraith Shóisir Iar-Chonnacht 1981
- Sraith Shóisir an Iarthair 1978
- Craobh Mhionúir A an Cho. 2000
- Craobh Mhionúir A an Iarthair 2000
- Craobh Mhionúir B an Cho. 1989, 1992
- Sraith Mhionúir B an Iarthair 1987
- Craobh Faoi 16 B an Cho. 1995
- Craobh Faoi 16 B an Iarthair 1995
- Corn Ath Mhic Suibhne 1999
- **Comórtas Peile na Gaeltachta:**
- Comórtas Náisiúnta Sinsir 1997
- Craobh Shinsir an Contae 1989, 1992,
- 1994, 1995, 1996, 2002, 2003, 2005, 2012
- Reáchtáil an Chomórtais Náisiúnta
- 1973, 1976, 1988, 1997
- Corn Uí Chadhain 1981, 1986
- Féile an Cho. Faoi 14 B 2006
- Sraith Faoi 14 Roinn 2 an Iarthair 1995
- Sraith Faoi 14 Roinn 3 an Iarthair 1994
- Sraith Faoi 12 Roinn 3 an Iarthair 2006
- Sraith Faoi 12 Roinn 2 2002
- Corn an Ath. Laing 1997, 1998
- **Corn Phádraic Uí Cheallaigh:**
- Faoi 12 – 2001
- Faoi 14 – 2003, 2004
- Faoi 15 – 2006
- Corn Chuimín Uí Cheallaigh Faoi 10 – 2004
- Sciath Mhic Giobúin Faoi 10 – 2006

BUS FEDA

## Seirbhís Laethúil

*Tír Chonaill- Sligeach- Maigheo-Gaillimh*

## Seirbhís Rialta go Glascú




# Ádh mór ar Chomórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta

Bus Feda Teo.
Rann na Feirste
Co. Dhún na nGall.

fón : 0749548114 / 091 761656
www.feda.ie
info@feda.ie



# Gaeil Fhánada (Sinsir)

Ceann de na clubanna is óige i dTír Chonaill. Bunaíodh an club i 1982 agus tá sé suite i Leithinis Fhánada idir an Mhaoil Rua agus Loch Súilí i dtuaisceart Dhún na nGall.

Ins na tríochaidí bhí club darbh ainm an Chraobh Rua i bhFánaid ach thit sé as a chéile timpeall 1933. Ó 1933 go lár na seascaidí ní raibh aon pheil Ghealach á himirt i bhFánaid. Ó lár na seascaidí go 1982 d'imir roinnt peileadóirí ó Fhánaid le Gaeil na Maoile Ruaidhe (.i. Baile na nGallóglach, Ros Goill agus Fánaid) agus níos moille, le club Ruairí Mhic Easmuinn (.i. Baile na nGallóglach agus Fánaid).

Bunaíodh Club Ghaeil Fhánada i 1982 agus thosaigh ár saol i Roinn 4 de Shraith an Chontae. Tá dhá pháirc peile againn anois – Páirc Uí Shiadhail i bPort an tSalainn agus Páirc Thráigh an Locha. Tógadh seomraí feistis úra i bPort an tSalainn i 1994 agus chuir muid leo i 2005.

Ag toiseacht ár saoil i Roinn 4 fuair muid ardú céime go Roinn 3 i 1990, go Roinn 2 i 1999 agus go Roinn 1 i 2001. Dícháilíodh muid arís i 2003 agus, faoi láthair, tá muid ag imirt i Roinn 2 de Shraith an Chontae. Is iad na príomhonóracha atá buaite againn go dtí seo ná Craobh Contae Sóisear A i 1985 agus i 1997. Craobh Contae Faoi 21B i 1999

agus i 2000; an Chraobh Contae Idirmheánach i 2007 agus i 2009; Craobh Contae faoi 12B i 1992 agus Craobh Contae faoi 14A i 1995. Shroich muid an Cluiche Ceannais i gComórtas Peile na Gaeltachta, Roinn na Sóisear, i 2006.

Chomh maith le himeachtaí ar an pháirc glacann an club páirt i gcomórtais Scór – Sóisir agus Sinsir. Is iomaí Craobh Contae atá buaite againn sa cheol agus san aithriseoireacht. I 1992 bhain an Club Craobh Uile Éireann i dTráth na gCeist Sinsear.

Tá fás mór tagtha faoin chlub ó thosaigh muid i 1982 agus cuireann muid foirne óga ar an pháirc i ngach grád.

Tá muid dóchasach go n-éireoidh go maith linn san Chomórtas seo i mbliana.

**An Painéal:**

1. Séamus Mac an tSaoir
2. Antaine Mac Giolla Bhríde
3. Cathal Ó Mairtin
4. Pádraig Ó hEireachtaigh
5. Proinseas Mac Suibhne
6. Pádraig Ó Siail
7. Fergal Ó Fríl
8. Pádraig Mac Conaglaigh
9. Ephrim Mac Pháidín
10. Marc Ó Fríl
11. Ciaran Mac Giolla Bhain
12. Seamus Ó Fril (Nanny)
13. Dabhett Breathnach
14. Séamus Ó Fríl (Coshia)
15. Micheál Mac Suibhne
16. Liam Mac an tSaoir
17. Aodhan Mac an tSaoir
18. Eoin Breathnach
19. Breandán Ó Ceallacháin
20. Seosamh Ó Bléine
21. Caoimhín Mac Giolla Bháin
22. Rónán Mac an tSaoir
23. Cóilín Ó Talbóid
24. Colm Mac Giolla Bháin
25. Pól Mac Giolla Choille
26. Rian Mac Conaglaigh
27. Pádraig Ó Carr
28. Gearóid Ó Fríl





# Gaoth Dobhair (Sinsir)

**An Painéal:**
1. Criostóir Mac Suibhne
2. Seán Mac Gairbhe
3. Niall Mac Aoidh
4. Ciarán Ó Fearraigh
5. Seosamh Ó Dubhthaigh
6. Eamonn Mac Aoidh
7. Pól Ó Maolagáin
8. Peadar Mac Aoidh
9. Ronan Mac Niallais
10. Caoimhín Ó Casaide
11. Séamus Ó Gallchóir
12. Séamus Ó Cearrbhaill
13. Eoghan Mac an Bháird
14. Cathal Ó Maolagáin
15. Fionnán Ó Duibhir
16. Seán Mac Suibhne
17. Seán Ó Dochartaigh
18. Donal Ó Cuirreáin
19. Criostóir Ó Rabhartaigh
20. Manny Ó Gallchóir
21. Donal Mac Giolla Bhríde
22. Micheál Ó Rabhartaigh
23. Tomás Ó Duibhir
24. Micheál Mac Ceallbhaigh
25. Proinsias Mac Aoidh
26. Mánus de Bhéaid
27. Nollaig Ó Ceallaigh
28. Colin Ó Fearraigh
29. Odhran Mac Niallais
30. Donal Mac Gairbheith
31. Paádraig Mac Gairbheith

**Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair Teo**
Srath na Corcra, Na Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Tír Chonaill, Éire.
**Teil.:** (074 ) 95 32208 **Facs:** (074) 95 60679
**Ríomhphost:** cfgd@eircom.net

***Forbairt an duine, an teaghlaigh agus an phobail trí oideachas, trí oiliúnt, trí sheirbhísí gníomhaíochtaí agus chomhoibriú a fhásann as teanga agus as dúchas na Gaeltachta.***

***Guíonn an Coiste Bainistíochta agus an Fhoireann sa Chrannóg gach ádh ar CLG Ghaoth Dobhair agus ar Chómórtas Peile na Gaeltachta 2012***

# Buaiteoirí Chomórtas na Sóisear 1977-2011

| Bliain | Ionad | Buaiteoirí | Tánaistí |
|---|---|---|---|
| 2011 | Cloich Cheann Fhaola | **Naomh Muire** | Laochra Loch Lao |
| 2010 | Béal an Mhuirthead | **An Spidéal** | Piarsaigh na Dromada |
| 2009 | Ros Muc | **Oileáin Árann** | Na Piarsaigh |
| 2008 | Naomh Columba | **An Rinn** | Naomh Muire |
| 2007 | Béal Átha an Ghaorthaidh | **Naomh Muire** | Acaill |
| 2006 | An Spidéal | **Mícheál Breathnach** | Gaeil Fhánada |
| 2005 | Cill na Martra | **Lios Póil** | Cill Chomáin |
| 2004 | Gaoth Dobhair | **Béal an Mhuirthead** | Na Dúnaibh |
| 2003 | Baile Bhuirne | **Lios Póil** | Béal an Mhuirthead |
| 2002 | Gaoth Dobhair | **B. Átha anGhaorthaidh** | An Rinn |
| 2001 | An Dromad | **Piarsaigh na Dromada** | Tuar Mhic Éadaigh |
| 2000 | Baile Bhuirne | **Mícheál Breathnach** | Cill Chartha |
| 1999 | An Ghaeltacht (Ciarraí) | **Lios Póil** | Tuar Mhic Éadaigh |
| 1998 | Ard an Rátha | **Piarsaigh na Dromada** | B. Átha an Ghaorthaidh |
| 1997 | An Cheathrú Rua | **Piarsaigh na Dromada** | Naomh Columba (B) |
| 1996 | Corca Dhuibhne | **Mícheál Breathnach** | Naomh Mícheál |
| 1995 | Corca Dhuibhne | **B. Átha an Ghaorthaidh** | Carna-An Caiseal |
| 1994 | Gaoth Dobhair | **Piarsaigh na Dromada** | Naomh Muire |
| 1993 | Cloich Cheann Fhaola | **Rath Cairn** | An Rinn |
| 1992 | Cloich Cheann Fhaola | **B. Átha an Ghaorthaidh** | Acaill |
| 1991 | Cill Chartha | **B. Átha an Ghaorthaidh** | Clann Chol. Mhuire |
| 1990 | Cill Chartha | **Corca Dhuibhne** | Piarsaigh na Dromada |
| 1989 | Cill Chartha | **Cill Chartha** | Na Piarsaigh |
| 1988 | Múscraí | **Ráth Cairn** | Tuar Mhic Éadaigh |
| 1987 | Cill Chartha | **Leitir Móir** | Gaoth Dobhair |
| 1986 | Gleann Cholm Cille | **An Clochán Liath** | Ráth Chairn |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1985 | Béal an Mhuirthead | **Gallarus** | Corca Dhuibhne |
| 1984 | Béal Átha an Ghaorthaidh | **B. Átha an Ghaorthaidh** | Clann Chol. Mhuire |
| 1983 | Na Dúnaibh | **Tuar Mhic Éadaigh** | An Cheathrú Rua |
| 1982 | Baile Bhuirne | **Na Dúnaibh** | Cloich Cheann Fhaola |
| 1981 | Baile Bhuirne | **Na Dúnaibh** | Naomh Mícheál |
| 1980 | Baile Bhuirne | **N. Mícheál B. na Sceilge** | Tuar Mhic Éadaigh |
| 1979 | Baile Bhuirne | **N. Mícheál B. na Sceilge** | Gleann Fhinne |
| 1978 | Gleann Cholm Cille | **Carna** | Naomh Mícheál |
| 1977 | Na hAghasaigh | **An Fhairche** | C.L. Bréanainn |




Gach rath ar Chomórtas Peile na Gaeltachta i mbliana agus i gcónaí.

Céad míle fáilte go Gleanntáin Ghlas' Ghaoth Dobhair 2012.

Go mbeidh am ar dóigh agaibh uilig i ngort na peile agus go mbeidh an bhuaidh ag CLG Ghaoth Dobhair.

**An Comhairleoir Contae Pádraig Ó Dochartaigh**

# Gaoth Dobhair (Sóisir)



**An Painéal:**
1. Aodh Ó Baoill
2. Cathal Ó Baoill
3. Colmán Mac Giolla Chomhaill
4. Dónal Mac Íomhair
5. Diarmuid Mac Gairbheith
6. Jonathon Ó hEarcáin
7. Máirtín Ó Colla
8. Mícheál Ó Curráin
9. Proinsias Ó Gallchóir
10. Seán Ó Duibhir
11. Seán Ó Dochartaigh
12. Stiofán Ó Gallchóir
13. Mervyn Ó Domhnaill
14. Seosamh de Blárach
15. Seosamh Ó Fearraigh
16. Séamus Ó Rhatigaill
17. Mícheál Barry
18. Déaglán Ó Baoill
19. Seán Ó Gallchóir
20. Pól Barry
21. Séamus Ó Baoill
22. Dónal Ó Ceannain

# An Tearmann (Sóisir)

**An Painéal:**

1. Mícheál Ó Baoill
2. Joe Ó Domhnaill
3. Shaun McDaid
4. Barry Mac Niallais
5. Kevin McDaid
6. Kevin McElwaine
7. Seán Ó Domhnaill
8. Jamie Ó Gallchóir
9. Daniel Ó Domhnaill
10. Martin Mac Suibhne
11. Trevor Alcorn
12. Paddy McDaid
13. John Mac Laifeartaigh
14. Pauric Hilferty
15. Daniel Conaghan
16. Conor Tinney
17. Joe English
18. Darragh McDaid
19. Paul Mallon
20. Aidin Mac Suibhne
21. Kevin Murray
22. Andrew Ó Dubhthaigh
23. Brian Trearty
24. Anthony McGrenra
25. Francie Ó Fríl
26. Thomas Cullen

# An Cheathrú Rua (Sóisir)

**An Painéal:**

1. Ciarán Mac Donnacha
2. Daithí Ó Conghaile
3. Iarfhlaith Ó Gríofa
4. Mairtin Ó Conghaile
5. Pádraig Seosamh Ó Domhnaill
6. Micheál Antaine Ó Loideáin
7. Conaill Ó Máille
8. Caoimhín Ó Gionnáin
9. Sean Ó Domhnaill
10. Padraig de Paor
11. Maitiú Ó Domhnaill
12. Simon Mac Cormaic
13. Padraig Ó Flatharta
14. Aonghus Mac Donnacha
15. Liam Eoin Ó Domhnaill
16. Caoimhín Ó Conghaile
17. Oisín Breathnach
18. Stiofán Ó Briain
19. Michael Ó Loideáin
20. Tomas Ó Gríofa
21. Wayne Ó Flatharta
22. Pádraig Ó Maoláin
23. Breandan Ó Loideáin
24. Eoin Ó Máille
25. Ciaran de Bhailis
26. Aodán Ó Gríofa
27. Aonghus Ó Gríofa
28. Michael Ó Braonáin
29. Tomas Mac Donnacha
30. Paudi Ó Domhnaill

**Bainisteoir:** Connie Mac Giodaire
**Roghnoirí:** Padraic de Paor, Caoimhín Ó Gionnáin,
**Traenalaí:** Caoimhín Ó Gionnáin
**Dathanna:** Dearg & Dubh
**Captaen:** Pádraig Ó Flatharta



# Laochra Loch Lao (Sóisir)

Bunaíodh foireann na bhfear i 2005 agus ó shin chuaigh an fhoireann ó neart go neart. Ar feadh na mblianta tá an Ghaeilge buan i gceantar dúchais na Laochra agus bhí sé mar aidhm acu cur le rath, teanga agus cultúr an cheantair in Iarthar Bhéal Feirste. Is foireann lán-Ghaelach muid le cainteoirí dúchais amháin ag imirt ar an foireann. Leis sin, bunaíodh foireann na mban i 2010. D'imir muid den chéad bhliain anuaraidh i gComórtas Peile na Gaeltachta agus ó shin tá forbairt iontach déanta ag an fhoireann agus tá muid go fóill ag fás ó thaobh peile, cultúir agus teanga de.

**An Painéal:**

1. Pádraig Ó Muirí
2. Pádraig Mac Cathail
3. Seán Ó Brolcháin
4. Fionntan Mac Gamail
5. Cathal Ó Ceallaigh
6. Pádraig Mac Giolla Bhríde
7. Niall Mac an Lia
8. Seán Óg mac Corraidh
9. Gary Ó Leannáin
10. Feargal Mac Ionnrachtaigh
11. Seán Mac Cathail
12. Déaglán Mac Giolla Earnáin
13. Niall Mac Cionnaith
14. Laughlin Mac Curdy
15. Marc Ó Riabhaigh
16. Rónán Mac Aoidh
17. Michael Ó Turlaigh
18. Conchúr Mac Cathail
19. Deaglán Ó Loingsigh
20. Ciarán Ó Riabhaigh
21. Eoghan Ó Néill
22. Oisín Mac an Bhiocaire
23. Pádraig Mac Friar
24. Jake Óg Mac Siacais
25. John Joe Ó Artagáin
26. Éamonn Mac Mánuis
27. Pádraig Ó Cuinneagáin



# An Seanphobal (Sóisir)

Is club ó Ghaeltacht na nDéise in iarthar Phort Láirge é an Seanphobal. Is club beag sinn agus is é seo an ceathrú babhta don Seanphobal bheith ag imirt sa chomórtas peile seo. Bhí comhscór againn sa chéad bhliain a ghlacamar páirt ach ní raibh bua againn ó shin agus táimid ar thóir ár gcéad bua. I bPort Láirge i 1949 an uair dheireanach a bhuamar craobh an chontae sna sóisir agus ba i 1976 an uair dheireanach a bhuamar Craobh an Iarthair agus táimid ag iarraidh é sin a athrú i mbliana chomh maith.

**An Painéal:**

1. Aodán De Paor
2. Pádraig Ó Céitinn
3. Pádraig Ó Conbhuí
4. Eamon De Paor
5. Éanna Ó Braonáin
6. Shane De Paor
7. Keith Ó Gatháin
8. Cormac Ó Innseadúin
9. Ivan Ó Múrchú
10. Pádraig Ó hÉalaithe
11. Emmet Ó Gafaigh
12. Breandán Ó hÓgáin
13. Sean Uada
14. Reamainn Turraoin
15. Tomás Ó Curraoin
16. Réamoinn De Paor
17. Tomás Ó Gealbháin
18. Morgan de Mionbhéil
19. Brian De Barra
20. Dónal Ó Murchú
21. Tadhg De Paor

# Clann na nGael (Sóisir)

Is i 2002 de bharr có-nascadh idir fhoireann CLG an Ghaeltacht agus foireann CLG Uí Ghramhnaigh, Átha Buí atá suite san bparóiste chéanna ar bunaíodh Clann na nGael. Tá go leor comórtas contae buaite acu ó shin agus i 2007 chuaigh siad go dtí craobh leathcheannais na gclubanna i ngrád peile sóisear.

Tá cúpla imreoir den chéad scoth ag imirt le Clann na nGael le cúpla bliain anuas. Graham Mac Oireachtaigh: Thosaigh Graham Mac Oireachtaigh (Graham Geraghty) ag imirt leis an gclub i 2007, tá sé ina chónaí sa cheantair le fad agus roimhe sin d'imir sé le Baile Sencaill taobh amuigh de Uaimh. Tá clú agus cáil ar Ghraham ar cheann de na peileadóirí is fearr sa tír. Tá 2 bhonn Craobh na hÉireann Sinsear aige (1996 agus 1999), chomh maith le mionúir sa bhiain 1990 agus Comórtais faoi 21 i 1993. Tá trí 'All Star' buaite aige chomh.

Tomás Ó hAinle – Bhí Tomás ina chaptaein ar an bhfoireann faoi 21 an chontae i 1993. Seo é an t-aon am a d'éirigh leis an gcontae an comórtas seo a buachaint. Chomh maith leis sin d'imir sé ar foireann mionúir na Mí i dteannta Graham i 1990 nuair a bhuaigh siad craobh na hÉireann.

Shane Mac an Airchinnigh – Tá Shane ar phainéal Foireann sinsear na Mí le cúpla bliain anuas. Is as Áth Buí dó ach chaith Shane tréimhse ag imirt peile i Nua Eabhrac agus Londain. D'imir sé sinsear le trí foireann i gcraobh na hÉireann trí bliana in ndiaidh a chéile, 2003 – Nua Eabhrac, 2004 – Londain agus 2005 – An Mhí.

Tá foireann Peile na mban ag Clann na nGael agus d'imir roinnt dóibh siúd don chontae chomh maith. Tá Vivienne Nic Cormaic ar phainéal sinsear an chontae faoi láthair. Bhuaigh Bláthnaid Seoighe mionúir Laighean leis an Mí agus chomh maith leis sin d'imir sí sóisear don chontae. D'imir Niamh Seoighe ar phainéal sóisear chomh maith. D'imir Sionnain Ní Dhonncha agus Bláthnaid Ní Eochaidh leis an gcontae faoi aois i ngach grád. Tá bonn craobh na hÉireann faoi 16 ag Niamh Ó Coileáin agus Vivienne Nic Cormaic.

**An Painéal:** Darren Ó Gríofa, Antaine Ó Cullaigh, Eamon Ó Conghaile, Padraic Seoighe, Cathal Mac Eanaí, Sean Ó Dálaigh, Michael Mac an tSagairt, Garry Ó Hainle, Damien de Tuit, Aaron Mac Donncha, Treibhir de Bhailís, Adaim Mac Caffraidh, Ciaran Ó Riain, Thomas Ó Faolacháin, Gearóid Breathnach, Criostóir Mac Síomóin, Aaron Ó Riain, Darren Ó Ceallaigh, Alan Mac an tSionnaigh, Antaine Ó Fearaile, Ben Mac Gabhann, Craig Ó hAnluain, Carl Ó Ceallaigh, Daithi Mac Gabhann.



# Na Gaeil Óga (Sóisir)

Cumann úr lán-Ghaeilge de chuid an CLG é Na Gaeil Óga. Tháinig NGÓ ar an bhfód go déanach sa bhliain 2010, ag cruinniú a ghairm Ciarán Mac Fheargusa. I láthair ar an oíche úd bhí an chéad Chathaoirleach, Daithí de Buitléir is Ciarán Ó Feinneadha, atá anois mar bhainisteoir fhoireann an bhfear. Eagraíodh seisiún traenála i bPáirc an Fhionnuisce oíche dhubhdhorcha, rud a léirigh díograis Na Gaeil Óga. I ndiaidh roinnt pléanála agus poiblíochta bhí ár gcéad sheisiún traenála le solas ann againn, luath sa bhliain 2011. Thosaíomar ag déanamh tuilleadh traenála is seisiúin le Marcus Ó Léanacháin, príomhthraenálaí na foirne.

Níorbh fhada go raibh geansaithe breátha againn, deartha ag lámh oilte Chathail Mhic Dhaibhéid. D'éirigh linn urraíocht a mhealladh ó Chlub Chonradh na Gaeilge a bhí mar phríomhurraitheoirí geansaithe againn. Páirc an Fhionnuisce a bhí mar láthair do chluiche stairiúil ár gcéad bhua nuair a bhuaileamar Croí Ró Naofa.

Thugamar ruaig ó thuaidh anuraidh le dúshlán Mhóin Dearg a thabhairt i gComórtas Peile na Gaeltachta 2011 i gCloich Cheann Fhaola. Cé nár éirigh linn an ceann is fearr a fháil orthu ar an lá, bhí an-deireadh seachtaine againn agus bhí an-bhród orainn as ár gCailín Gaelach Dani Nic an tSionnaigh. Tá foireann iomána á cur le chéile faoi láthair don bhliain seo chugainn faoi stiúir Choilm Mhic Séalaigh. Tá súil againn leanacht den fhás is den fhorbairt seo.

Tá dhá fhoireann sa pheil ag fir Na Gaeil Óga, agus táthar ag roghnú phaineál na bliana seo as measc na n-imreoirí sin ar fad. Ó thaobh na n-imreoirí is as Baile Átha Cliath an chuid is mó acu, anuas ar dhaoine ó na Gaeltachtaí ar fad nach mór agus daoine eile as gach cearn den tír.



# Gaoth Dobhair (Faoi 15)

**An Painéal:**

1. Conor Ó Baoill
2. Conor Mac Eachmarchaigh
3. Gearóid Mac Pháidín
4. Seaghán Ó Fearraigh
5. Ciarán Mac Aoidh
6. Eoghan Ó Gallchóir
7. Seán Ó Fearraigh
8. Mícheál Ó Cearbhaill
9. Ryan Ó Ceallaigh
10. Kyle Mac Pháidín
11. Dáire Ó Baoill
12. Éamonn Ó Coilm
13. Odhrán Mac Pháidín
14. Seosamh Mac Pháidín
15. Dan Ó Gallchóir
16. Conor Mac Pháidín
17. Neasán Mac Giolla Bhríde
18. Mícheál Ó Rabhartaigh
19. Dylan Ó Domhnaill
20. Niall de Barra
21. Donal Mac Giolla Shinc
22. Mícheál Ó Duibhir
23. Antóin Bairéad
24. Seán Ó Crosáin
25. Donal Mac Lochlainn

ACTIVE DONEGAL
DONEGAL SPORTS PARTNERSHIP
www.activedonegal.com
**Gach rath ar na comórtais go léir.**

# Gaoth Dobhair (Mná–Sóisir)

**An Painéal:**

1. Róisín Nic Pháidín
2. Sarah Ní Bharclé
3. Donna Ní Cheallaigh
4. Áine Nic Suibhne
5. Julianne Ní Lionsaigh
6. Carolann Ní Chasaide
7. Caolinn Ní Chasaide
8. Brídín Ní Ghallachóir
9. Míde Ní Bhaoill
10. Keara Louise Ní Loinsigh
11. Aisling Ní Chasaide
12. Aoife de Barra
13. Ashleigh Nic Suibhne
14. Rachael Nic Aoidh
15. Aisling Nic Giolla Easbuic
16. Jessica Ní Bhradaigh
17. Gracie Ní Rabhartaigh
18. Bríd Ní Channáin
19. Maria Ní Ghairbheith
20. Maria Ní Churráin
21. Krystal Ní Chuireáin
22. Maria Ní Mhaolagáin
23. Karen Ní Churráin
24. Megan Ní Rabhartaigh
25. Caitlín Ní Domhnaill
26. Joanne Ní Cheallaigh
27. Maria Nic Giolla Chomhaill Ní Ghallachóir
28. Síle Ní Ghallchóir
29. Skye Ní Dhochartaigh
30. Michaela Ní Dhonnagáin
31. Aisling Nic Fhionnghaile
32. Aisling Nic Aoidh



# Na Gaeil Óga (Mná–Sóisir)

Beidh foireann na mban de chuid Na Gaeil Óga ag glacadh páirte i gcomórtas na mban. Seo an chéad bhliain don fhoireann seo a bheith ar an bhfód, agus cé go raibh cuid acu linn anuraidh do thuras an chomórtais seo an chéad bhlaiseadh oifigiúil a bheidh acu den tsárfhéile spóirt seo.

# Laochra Loch Laoi (Mná–Sóisir)

Tá stair shaibhir ag an Ghaeilge i mBéal Feirste. Tá an chéad phíosa scríbhneoireachta i nGaeilge bunaithe sa chathair seo. Thosaigh an athbheochan is déanaí breis is 50 bliain ó shin le bunú Chumann Chluain Ard agus de réir a chéile bunaíodh an chéad Ghaeltacht uirbeach sa tír ar Bhóthar Seoighe agus amach uaidh sin bunaíodh Bunscoil Phobal Feirste. Tá an Ghaeilge ag dul ó neart ó shin agus sa lá atá inniu tá 11 Gaelscoil déag, Meánscoil lán-Ghaeilge amháin, stáisiún Raidió srl…uilig lonnaithe in Iarthar Bhéal Feirste. Mar gheall air seo ar fad, tugadh stádas oifigiúil don cheantar mar Cheathrú Ghaeltachta. Tá oidhreacht shaibhir ag an Chumann Lúthchleas Gael in Iarthar Bhéal Feirste chomh maith, bhí an chéad dhá chumann a bunaíodh i mBéal Feirste ag feidhmiú go huile is go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Bunaíodh Laochra Loch Lao chun deis a thabhairt do lúthchleasaithe Iarthar Bhéal Feirste teacht le chéile agus an dá shuim is mó acu, an Pheil agus an Ghaeilge a chleachtadh agus a fhorbairt faoi aon scáth amháin. Tá muid thar a bheith bródúil as bheith mar ionadaí Bhéal Feirste sa chomórtas iontach seo.

Sa bhliain 2007, don chéad uair riamh i stair Chomórtas Peile na Gaeltachta, i mBéal Átha an Ghaorthaigh i gCo Corcaí, bhí ionadaí ó Bhéal Feirste, Laochra Loch Lao CLG, páirteach sa chomórtas chun ionadaíocht a thabhairt do Cheathrú Gaeltachta iarthar Bhéal Feirste, don chathair agus do Chondae Aontroma araon. Cuireadh amach as an chomórtas muid ag an chluiche ceathrú ceannais an uair sin agus dhá bhliain ó shin, sa Chomórtas i mBéal a'Mhuirthead chaill muid an chéad cluiche i gcoinne na Dúnaibh i ndiaidh am breise. Anuaraidh, chaill muid an cluiche ceannais in éadan Naomh Muire na Rosann le pointe amháin i ndiaidh bheith chun tosaigh cuid mhaith den cluiche. I measc na cluichí is fearr i stair an chomórtais dar le Seán Bán Breathnach. Táimid dóchasach áfach go dtig linn dul céim níos faide i mbliana agus an chorn a thógáil linn go Béal Feirste.


**Ádh mór ar**
**Chomórtas Peile na Gaeltachta 2012**



***Cllr Daithí Alcorn***

*Lackenagh,*
*Burtonport,*
*Co. Donegal*
*Tel: 07495 42087*

# Ag guí gach rath ar
# Comórtas Peile na Gaeltachta
# 2012

**PAUL A. ROARTY**

**CONRAITHEOIR LEICTREACH**
**DÚN LÚICHE 087 8300744**



Contracted to Donegal Airport for over 15yrs,
Paul Roarty specialises in all Industrial,
Commercial and Domestic electrical works



Moneymore, Dunlewey, Co.Donegal
Tel: 0878300744 Email: paulroarty@eircom.net

# Ádh mór le Gaoth Dobhair
# ag an deireadh seachtaine

# Na Cailíní Gaelacha 1970-2011

| Bliain | Ionad | Buaiteoir | Fochumann |
|---|---|---|---|
| 1970 | Baile Bhuire | Bairbre Ní Mhéalóid | Ráth Chairn |
| 1971 | Baile Bhuire | Máirín Ní Bhaoill | Gaoth Dobhair |
| 1972 | An Daingean | Deirdre Ní Dhonnacha | An Spidéal |
| 1973 | An Cheathrú Rua | Caitlín Ní Chonghaile | Rath Caim |
| 1974 | Baile Bhuire | Siubhán Ní Dhabharáin | Maigh Cuileann |
| 1975 | Gaoth Dobhair | Máire Níc Giolla Easpaig | Gleann Cholm Cille |
| 1976 | An Cheathrú Rua | Máire Ní Cheallaigh | An Spidéal |
| 1977 | An Daingean | Mairéad Ní Dhonnachadha | Corca Duibhne |
| 1978 | Gleann Cholm Cille | Mairéad Ní Bhaoill | Gleann Cholm Cille |
| 1979 | Baile Bhuire | Máire Treasa Ní Chéide | Micheál Breathnach |
| 1980 | An Fhairche | Diane Ní Dhiscin | An Fhairche |
| 1981 | Indreabhán | Siubhán Ní Mhuineacháin | Béal Átha an Ghaorthaidh |
| 1982 | Gaoth Dobhair | Bríd Úna Ní Mhaoileoin | Baile an Fheirtearaigh |
| 1983 | Gaoth Dobhair | Máire B. Níc Dhonnacha | An Cheathrú Rua |
| 1984 | An Rinn | Bernadette Ní Mhaolagáin | Gaoth Dobhair |
| 1985 | Gallarus | Caithlín Criotháin | Corca Dhuibhne |
| 1986 | Na Dúnaibh | Mairéad Ní Cheilleachair | Béal an Mhuirthead |
| 1987 | Béal an Mhuirthead | Mairéad Ní Neachtain | Leitir Móir |
| 1988 | An Cheathrú Rua | Máire Ní Chathaláin | Corca Dhuibhne |
| 1989 | Gleann Cholm Cille | Dearbhla Ní Churraoin | Gleann Cholm Cille |
| 1990 | Gallarus | Bláthnaid Ní Chofaigh | Ráth Chairn |
| 1991 | Béal Átha an Ghaorthaidh | Tríona Ní Ráinne | Leitir Móir |
| 1992 | Indreabhán | Eibhlín Seoighe | Ros Muc |
| 1993 | Ráth Chairn | Celia Ní Fhatharta | Micheál Breathnach |
| 1994 | Gaoth Dobhair | Martina Ní Chanáin | Gleann Cholm Cille |
| 1995 | An Fhairche | Caitríona Níc Fhionnghaile | Gaoth Dobhair |
| 1996 | Baile Bhuire | Mairín Ní Mhurchú | Cill tSéadna |
| 1997 | An Cheathrú Rua | Deirdre Ní Churraoin | Móin Dearg, Londain |
| 1998 | Cloich Cheann Fhaola | Sinéad Ní Mháille | Tuar Mhic Éadaigh |
| 1999 | An Rinn | Michelle Nic Grianna | Naomh Muire |
| 2000 | Cill tSéadhna | Máire Ní Fhlatharta | An Spidéal |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2001 | Piarsaigh na Dromada | Sinéad Ní Chonchúir | Piarsaigh na Dromada |
| 2002 | Leitir Móir | Máire Áine Ní Iamáin | Leitir Móir |
| 2003 | Baile Mhúime | Áine Ní Shúilleabháin | Naomh Abán |
| 2004 | Cill Cartha | Máire Ní Fhlatharta | Clann na nGael na Mí |
| 2005 | Cill na Martha | Máire Ní Bheoláin | An Ghaeltacht |
| 2006 | An Spidéal | Orla Ní Shuilleabháin | Clann na nGael na Mí |
| 2007 | Béal Átha an Ghaorthaidh | Máire Róise Ní Fhlatharta | An Ceathrú Rua |
| 2008 | Gleann Cholm Cille | Edel Ní Chnámhsí | Gaoth Dobhair |
| 2009 | Rosmuc | Róise Nic Corraidh | Laochra Loch Laoi |
| 2010 | Béal an Mhuirthead | Gráinne Ní hOlláin | Laochra Loch Laoi |
| 2011 | Cloich Cheann Fhaola | Brídín Ní Mhaoldomhnaigh | Gaoth Dobhair |



*Réamhbhabhta de Chomórtas na gCailíní Gaelacha a bhí ar siúl i nGaoth Dobhair ar na moillibh. Sa phictiúr tá Cathaoirleach CLG Ghaoth Dobhair, Seán Ó Fearraigh le cois Oifigeach Gaeilge an fhochumainn, Síle Uí Ghallchóir agus ball den choiste, Síle B Ní Ghallchóir. Sa phictiúr fosta, tá Cailín Gaelach Náisiúnta 2011, Bridin Ni Mhaoldomhnaigh.*

# Amchlár Chomórtas an Chailín Ghaelaigh 2012

## Dé hAoine, 1 Meitheamh 2012

Cailíní ag taisteal go Gaoth Dobhair

## Dé Satharn, 2 Meitheamh 2012

**11.30 r.n.** Bus ag fágáil na dtithe loistín.

**12.00m.l.** Turas eolais go hOileán Ghabhla. Siúlóid stairiúil le treoraí mar pháirt de Bhealach na Gaeltachta.

**2.00 i.n.** Lón ar an oileán.

**3.00 i.n.** Pilleadh go dtí na tithe lóistín.

**3.30 i.n.** Ar ais chuig an pháirc pheile.
Tráthnóna saor.

## Dé Domhnaigh, 3 Meitheamh 2012

**11.00 r.n.** Bus ag fágáil na dtithe loistín.

**11.30 r.n.** Aifreann Craolta na Féile, Teach Pobail Mhuire sna Doirí Beaga.

**12.30 i.n.** Ar ais go dtí na tithe lóistín.

**1.30 i.n.** Bus ag fágáil na dtithe lóistín.

**1.30 i.n.** Lón in Óstán Ghaoth Dobhair.

**3.00 i.n.** Agallamh leis na moltóirí in Óstán Ghaoth Dobhair.

**5.00 i.n.** Ar ais chuig an pháirc pheile

**9.00 i.n.** Céilí Mór in Halla Mór an Chlubthí.

**10.30 i.n.** Agallamh ar stáitse le fear an tí ag an Chéilí Mhór áit a bhfógrófar an Cailín Gaelach Náisiúnta don bhliain 2012.

## Dé Luain, 4 Meitheamh 2012

**4.00 i.n.** Cailín Gaelach 2012 ag caitheamh na liathróide isteach don Chluiche Cheannais.

# Rachel Ní Fhearraigh, Gaoth Dobhair



Rachel Ní Fhearraigh is ainm dom agus tá mé bliain is fiche d'aois. Tá cónaí orm i mBun na Leaca, Gaoth Dobhair. Faoi láthair tá mé ag déanamh staidéir ar an Fhraincis agus ar an Spáinnis i gColáiste na Tríonóide. Ar an bhliain seo chugainn beidh mé ag glacadh páirte ins an chúrsa DGO i nGaillimh. Is maith liom ag taisteal agus ag foghlaim faoi thíortha difriúla. Is iad na caithimh aimsire atá agam ná damhsa, léamh agus ag freastal ar chluichí peile.

# Eibhlín Ní Chanainn, Tír Chonaill



Is mise Eibhlín Ní Chanainn, iníon le Josie agus Eileen Ní Chanainn. Tá mé i mo chónaí i Mín Lárach, Gort an Choirce agus tá mé ocht mbliana déag d'aois. Tá mé ag freastal ar Phobalscoil Chloich Cheann Fhoala. Tá mé sa chúigiú bliain agus beidh mé ag déanamh na hArdteiste faoi cheann cúpla seachtain. Tá mé ag súil le bliain a dhéanamh thíos san Acadamh i nGaoth Dobhair ag déanamh staidéir ar an chúrsa i Scileanna Teilifíse agus Ilmheán. Tá suim ar leith agam sa Ghaeilge agus ba mhaith liom an deis a fháil í a úsáid i mo chuid oibre amach anseo.

Bím ag ceol go minic agus is é an sean-nós, an ceol tíre agus ceol Gaelach a bhím ag seinm. Tá mé i ngrúpa ceoil darb ainm La Coda agus sheol muid ár CD úr ag an Nollaig agus d'éirigh go maith linn ar fad. Tá gach sórt amhrán againn ar an CD. Tá amhráin pop, amhráin Ghealacha agus sean-nós á seinm againn air. Tá suim agam sa damhsa Gaelach fosta agus ba ghnách liom damhsa le Damhsóirí Clann Lir i nGort an Choirce. Chaith mé deich mbliana nó mar sin leo.

# Lisa Nic Thaibhís, An Cheathrú Rua



Is iarscoláire de chuid Scoil Chuimsitheach Chiaráin í Lisa. Tá sí ag déanamh staidéir ar Dhearadh agus Déantúsaíocht in GMIT faoi láthair agus tá sé de rún aici leanacht lena cuid staidéir trí Ard-Dioplóma san Oideachas a dhéanamh agus dul ag múineadh adhmadóireacht/foirgneolaíocht. D'imir Lisa peil Gaelach leis an Cheathrú Rua faoi aois agus leis an fhoireann sóisear. Bíonn sí ag obair go páirt-aimseartha in Eurospar ag an deireadh seachtaine. Is mian le Cumann Peile na Ceathrún Rua gach rath a ghuí ar Lisa ina gcuid scrúduithe agus i gComórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta.

## Katie Ní Churraoin, Clann na nGall, Ráth Chairn



Tá Katie 19 mbliana d'aois. Rugadh agus tógadh i nGaeltacht Ráth Chairn í. Is i Scoil Uí Ghramhnaigh i Ráth Chairn a fuair sí a cuid bunoideachais agus ansin fuair sí sé bliana d'oideachas dara leibhéal i gClochar Eureka, Ceanannas Mór. Tá sí ag déanamh céim B.Ed. i gColáiste Mhuire, Marino i mBaile Átha Cliath. Tá sí ag baint an-taitneamh as a cuid ama sa chathair agus as an choláiste.

Imríonn sí peil le Clann na nGael agus imríonn sí peil agus "Ultimate Frisby" le Marino. Nuair nach mbíonn sí ag staidéar, bíonn sí ag obair go páirt-aimseartha in Óstán Knightsbrook i mBaile Átha Throim. Beidh sí ag obair mar chinnire i gColáiste Chiaráin, Co. na Gaillimhe ag tosú díreach tar éis an deireadh seachtain seo. Tháinig muintir Katie as an Trá Bhán, Leitir Mór i gConamara go dtí Ráth Chairn sa bhliain 1935. Is breá léi chuile rud atá Gaelach, go mór mhór amhráin sean-nóis agus an fheadóg stain. Ceapann sí gur ionann tír gan teanga agus tír gan anam.

## Emma Nic Lochlainn, Na Gaeil Óga, Áth Cliath



Eagraíodh comórtas don Chailín Gaelach áitiúil ar an Aoine 27 Aibreán i gClub an Chonartha i mBaile Átha Cliath. Roghnaíodh Emma Nic Lochlainn as na cailíní ildánacha ar fad a ghlac páirt. Is mac léinn tréidliachta as Contae an Chláir í Emma atá ag déanamh staidéir in COBÁC/UCD. Ó thaobh an chomórtais de, bhí an-chraic go deo ann agus ba mhaith linn míle buíochas a chur in iúl do mhuintir Chlub an Chonartha, na moltóirí; Bláthnaid Ní Chofaigh, Brídín Ní Mhaoldomhnaigh agus Domhnall, baill an chumainn ar fad agus gach éinne eile a tháinig.

## Deirdre Ní Ghéibheannaigh, An Daingean



Is í Deirdre cailín Gaelach Dhaingean Uí Chúis na bliana seo. Faoi láthair, tá sí ag freastal ar an chúigiú bliain i bPobalscoil Chorca Dhuibhne. Tá deartháir amháin agus beirt deirfiúr aici agus iad go léir an-pháirteach sa spóirt, a deartháir Pól ag imirt le Daingean Uí Chúis agus a beirt col ceathar chomh maith. Tá suim aici sa pheil Ghaelach agus imríonn sí le foireann caide ban Dhaingean Uí Chúis. Bhí sí ar phainéil na mionúr i gCiarraí an bhliain seo caite. Tá sí 5 troithe agus 10 n-orlaí ar airde agus is breá léi ag imirt cispheile. Sa bhliain 2010, chuaigh sí go Macedonia le foireann náisiúnta na hÉireann fé 16 ag imirt i

gcraobhchomórtais na hEorpa. I mbliana, bhain sí ceithre chraobh náisiúnta amach lena club – beidh cáil uirthi fós! Go dtí seo is é an rud ba bhródúla ina saol ná ag caitheamh an gheansaí náisiúnta agus ag déanamh ionadaíochta ar a clann, a scoil, a club agus ar a tír.

## Laura Ní Chuilleanáin, Naomh Abán, Baile Bhuirne



Is í Laura Ní Chuilleanáin as Baile Mhic Íre, ionadaí do chumann Naomh Abán, Baile Bhuirne i gcomórtas an Chailín Ghaelaigh i mbliana. Bliain is fiche atá Laura agus máistreacht sa Nua-Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh á dhéanamh aici. Tá trí bhliana caite aici i gColáiste Mhuire Gan Smál, Luimneach, áit ar bronnadh céim san Oideachas agus sa Ghaeilge uirthi.

Chaith sí roinnt seachtainí ag múineadh i nGambia san Afraic, áit ar oibrigh sí go dícheallach. Tá sí ag baint sásamh mór as a cuid ama i gcathair na Gaillimhe agus as an gcoláiste. Tá suim mhór aici i dteanga na Gaeluinne agus sa chultúr Gaelach, go háirithe an amhránaíocht dhúchasach. Tá an amhránaíocht dhúchasach mar ábhar tráchtais aici agus tá sí ag baint an-taitneamh as faoi láthair. Tá sí an-bhródúil a bheith mar Chailín Gaelach do cheantar Mhúscraí i mbliana.

## Ailbhe Nic Dhonncha, An Rinn



Is í Ailbhe Nic Dhonncha atá mar ionadaí don Rinn i gComórtas an Chailín Ghaelaigh i mbliana. Tá sí díreach críochnaithe leis an tarna bliain sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá sí ag déanamh staidéir ar an nGaeilge agus ar an Spáinnis. Beidh sí ag dul go dtí Salamanca sa Spáinn ar feadh bliana i mí Mheán Fómhair. Tá suim aici sa cheol traidisiúnta agus sa pheil. Tá an-suim aici san amhránaíocht chomh maith.

# County Dry Cleaners
## & Steam Laundry

* 2 Hour Dry Cleaning Service * Full Shirt Service
* Wash / Dry & Dry Only
* Towels *Sheets *Duvets
* *Also Repairs & Alterations*
* *Specialising Also In Curtain Cleaning*
* Mats & Rugs
**Collection & Delivery Throughout Donegal*

**65 Lower Main Street, Letterkenny, Co. Donegal.**
**Tel: 074 91 21036 Fax: 074 91 22844**
**Email: countydrycleaners@yahoo.ie**




**Gach rath ar an Chomórtas**



**Go n-eírí an t-adh leis an gComórtas ó**

# Churchhill
# Quarries & tar supplier

Churchhill, Co. Donegal
**Tel:** 074 91 37271

Specialists in supply
and lying of tar
*Quality and keen*
*prices guaranteed!*

**Bonner, O'Donnell & Co.**

Chartered Accountants &
Registered Auditors

Chartered Accountants Ireland

**Grand Central,**
**Canal Road,**
**Letterkenny,**
**Co. Donegal.**
Telephone: (074) 91 21722
Fax: (074) 91 25185
Email: info@bonnerodonnell.com

**Partners:**
*Enda Bonner* *Noel O'Donnell* *Michael Gill*

**Ádh mór ar Chomórtas Peile na Gaeltachta 2012**



# Ádh mór ar an Chomórtas agus ar imeachtaí na féile

ó

**Con Friel & Co.,**
**Investment Concultants,**
**Leitir Ceanainn.**



Premier Sale Shop

**Lower Main St.,**
**Letterkenny,**
**Co. Dhún na nGall.**

**(074) 9126074**

**Siopa na bhFear**

**Comhghairdeas agus ádh mór le Comórtas Peile na Gaeltachta 2012**
**ó Mhícheál Ó Gallchóir (Úinéir).**



hummel uhlsport adidas PUMA O'NEILLS www.bmcsports.ie



Visit our new Teamwear Shop
or visit www.bmcsports.ie

New Teamwear Range 2012/2013

FULL RANGE OF SAMPLES INSTORE

O'NEILLS Official Agent

brian mc cormick
SPORTS AND LEISURE

BEST WISHES TO DONEGAL IN THIS YEAR'S CAMPAIGN.

GREENES
footwear

Market Square
Letterkenny
Co. Donegal
Tel/Fax: (074) 91 25371

Go n-éirí go geal le Comórtas Peile na Gaeltachta 2012.
Gach rath ar fhoirne Dhún na nGall.

---

**Gach rath ar chomórtais peile an deireadh seachtaine**

**ó**

**Bhanc na hÉireann, An Bun Beag**

---

DHC



DONEGAL
HYGIENE & CATERING LTD.
Lónadóireacht Sláinteachas Teo.
Dhún na nGall

Ag súil go mbainfidh achan duine sult agus pléisiúr as na comórtais uilig.

Gach ádh ar
Ghaoth Dobhair.

**DONEGAL HYGIENE**
**& CATERING**
**Na Doirí Beaga,**
**Gaoth Dobhair,**
**Co. Dhún na nGall.**
**Fón: 074 9532092 / 074 9532211**
**Facs 00353-74-9532431**


bioTank
Waste Water Treatment System
bioTank.ie
Crolly
Letterkenny
Co. Donegal
Tel: 074 95 48253
Fax: 074 95 48861
Mob: 086 7913535
bioTank.ie
safer, stronger, better

OÉ Gaillimh
NUI Galway

***Déan cúrsa***
***tríú leibhéal***
***i nGaoth Dobhair***



## Cúrsaí Lánaimseartha

- **Dioplóma i Scileanna Teilifíse agus Ilmheán**
  Cúrsa praiticiúil leis an trealamh is nua-aimseartha in úsáid. Deiseanna maithe fostaíochta ar fáil do chéimithe i gcomhlachtaí ar nós: Ros na Rún, TG4, RTÉ, BBC.

## Cúrsaí Páirtaimseartha

**(Oíche amháin sa tseachtain)**

- **Dioplóma i Scileanna Aistriúcháin**
  Dírithe ar dhaoine a bhfuil Gaeilge mhaith acu agus ar mian leo ardchruinneas scríofa a bhaint amach. Tá deiseanna maithe fostaíochta ar fáil anois d'aistritheoirí gairmiúla in Éirinn agus thar lear mar aon le deiseanna féinfhostaíochta den scoth.
- **Dioplóma sa Ghaeilge (C1)**
  Dírithe ar dhaoine ar mian leo snas a chur ar a gcuid Gaeilge, idir scríofa agus labhartha.
- **Dioplóma i dTeicneolaíochtaí Gnó**
  Cúrsa chun cur le scileanna fostaíochta na rannpháirtithe trí eolas agus taithí phraiticiúil a thabhairt dóibh ar na teicneolaíochtaí gnó is nua-aimseartha don oifig.
- **Dioplóma i Léann an Traidisiúin**
  Cúrsa a thabharfaidh eolas agus tuigbheáil do rannpháirtithe ar ghnéithe de bhéaloideas agus d'oidhreacht na hÉireann.

---

**Tuilleadh Eolais:** Ionad an Acadaimh, Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
**Guthán:** (074) 9531919
**Ríomhphost:** gaothdobhair@oegaillimh.ie
**Idirlíon:** www.acadamh.ie
**Facebook:** www.facebook.com/acadamhghaothdobhair

# Bunú Chomórtas Peile na Gaeltachta i 1969

**1968**
Bhí Antoin Ó Cearúill as Gaoth Dobhair agus Antoin de Bairéad as Ciarraí ag freastal ar Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Bhí siad beirt ina bpeileadóirí cumasacha agus bhí siad beirt ar fhoireann U.C.D. a bhain Corn Sigerson sa bhliain 1968. Dlúth-chairde ab ea iad an dá Antoin agus le scéal fada a dhéanamh gairid, shocraigh siad go dtabharfadh Antoin Chiarraí foireann as Baile an Fheirtéaraigh le aghaidh a thabhairt ar fhoireann Antoin Thír Chonaill – Gaoth Dobhair – i Machaire Gathlán i ndiaidh na Nollag.

**4 Eanáir 1969**
I ndúlaíocht an gheimhridh a tháinig siad aneas. Ceithre huaire déag a bhí siad ar an bhealach. Ba bheag fonn rince a bhí orthu i Halla Dhoirí Beaga, áit a raibh Buíon Céilí an Easa Ruaidh ag seinm. Chuir Antoin Ó Cearúill fáilte rompu ansin.

**5 Eanáir 1969** *(1)*
Nuair a d'éirigh siad ar maidin, bhí paróiste Ghaoth Dobhair faoi bhrat sneachta! Níor cheart aon chluiche a imirt ach damnú má bhí siad ag gabháil ar ais go Ciarraí gan caid a chiceáil! Imríodh an cluiche. *"In a blizzard"* a dúirt an *Derry People.* Fuair Baile an Fheirtéaraigh an bhuaidh ar Ghaoth Dobhair – 3-6 / 0-3. Fuair Antoin de Bairéad é féin dhá phointe agus fuair Seosamh Ó Slatarra dhá chúl.

**5 Eanáir 1969** *(2)*
Bhí Cabaret in Óstán Radharc na Mara an oíche sin in onóir na gCiarraíoch. Go domhain san oíche bhí Antoin de Bairéad, Antoin Ó Cearúill, Seán Delap, Feardorcha Ó Colla agus daoine nach iad i gcomhluadar a chéile. Ba sa chomhluadar sin a nochtadh an smaointiú go mba mhaith an rud é comórtas peile idir na Gaeltachtaí a reáchtáil 'cosúil leis an Sigerson'. Dúirt Seán Delap láithreach go gcuirfeadh seisean Corn ar fáil. Socraíodh go rachfaí i mbun oibre. Tigh Hughie Tim ag Nollaig Bheag 1969 a gineadh Comórtas Peile na Gaeltachta.

**15 Márta 1969**
Tionóladh an chéad chruinniú oifigiúil in Óstán an Chaisleáin i mBaile Átha Cliath. Toghadh na hoifigigh seo leanas:

*Uachtarán:* Seán Delap, Gaoth Dobhair.
*Leasuachtarán:* An Ceannfort Seán Ó Colmáin, An Daingean.
*Cathaoirleach:* Antoin de Bairéad, Baile an Fheirtéaraigh.
*Rúnaí:* Feardorcha Ó Colla, Gaoth Dobhair.
*Cisteoir:* Séamus Mac Gearailt, Corca Dhuibhne.

**23 Bealtaine 1969**
Seoladh an Comórtas ag preasócáid in Óstán an Gresham, Baile Átha Cliath. Bhronn an Giúistís Seán Delap an Corn. Bhronn an Canónach Hamilton as Contae an Chláir na

boinn. Bhronn Ardchomhairle C.L.G. deontas reáchtála. Thug Uachtarán C.L.G. Séamus Ó Riain agus Ard-Rúnaí C.L.G. Seán Ó Síocháin a dtacaíocht don Chomórtas.

**8 Meitheamh 1969**
Chuaigh Gaoth Dobhair go Ciarraí le díoltas a bhaint amach. Agus bhain! Gaoth Dobhair 0-7 Baile an Fheirtéaraigh 0-5. Fuair Antoin de Bairéad dhá phointe eile ach fuair Neilly agus Andy Phat beirt an duine, Vincent, Tadhg Diver agus Hughie Nóra pointe an duine.

Bhí scléip in Óstán na Sceilge: rinne muintir Ghaoth Dobhair freastal ar chluiche idir Ciarraí agus Gaillimh i gCill Airne; bhí siad tigh Kruger, ar seit *Ryan's Daughter,* tigh Pheig… Nárbh é Antoin Ó Cearúill a bhí críonna a thug ar na Ciarraíochaigh a theacht aneas i gcroí an gheimhridh! Agus deir siad go bhfuil na Ciarraíochaigh glic!

**3 Lúnasa 1969**
Cuirtear tús le Comórtas Peile na Gaeltachta i Machaire Gathlán agus an ghrian ag scoilteadh na gcloch. Ocht bhfoireann as sé chontae: Dún na nGall, Maigh Eo (2), Gaillimh, Ciarraí (2), Port Láirge agus an Mhí. Bhí buaidh stairiúil ag Gaoth Dobhair ar Bhaile an Fheirtéaraigh sa chluiche ceannais – 2-8 / 2-7.

**2 Samhain 1969**
Tugtar cuireadh do Ghaoth Dobhair agus do Bhaile an Fheirtéaraigh imirt i bPáirc an Chrócaigh roimh chluiche ceannais an Oireachtais idir Corcaigh agus Cill Chainnigh. Bhí an bhuaidh le Baile an Fheirtéaraigh – 0-13 / 0-10. Leis sin, bhí dhá chluiche faoi seach bainte ag Gaoth Dobhair agus ag Baile ag Fheirtéaraigh in éadan a chéile.



*Buaiteoirí Chéad Chomórtas Péile Náisiúnta na Gaeltachta 1969.*

Scoil Gheimhridh
**Frankie Kennedy**

Gaoth Dobhair,
Tír Chonaill

Ag guí gach rath ar an chomórtas agus
gach ádh ar Ghaoth Dobhair.



# GAEIL ULADH

Carraic an tSeascain, Na Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Tír Chonaill
Guthán/Faics: (074) 9531866 Rphost: gaeiluladh@eircom.net

Is í an aidhm atá ag Gaeil Uladh, gach cuidiú is féidir a thabhairt do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí i gceantair Ghaeltachta agus iad ag obair as lámha a chéile ar mhaith le hoideachas na bpáistí tré mheán na Gaeilge.



Go n-éirí go geal le himeachtaí na Féile.

# Seán Óg

***Bia, Ceol agus Craic***

**Teach Sheáin Óig,**
**Na Doirí Beaga,**
**Gaoth Dobhair,**
**Co. Dhún na nGall.**

**Fón: (074) 9531999**
**Facs: (074) 9532400**

**Ríomhphost: jbarr@in.com**

Gach rath ar Ghaoth Dobhair i gComórtas Peile na Gaeltachta 2012

# An Breitheamh Seán Delap agus Comórtas Peile na Gaeltachta

Agus comhbhrón á dhéanamh agam leis an iaririseoir de chuid RTÉ Pádraig Ó Méalóid ar bhás a mhná céile Claire (beannacht Dé lena hanam) ar na moillibh, d'éalaigh mo chuimhne liom siar go dtí an chéad uair a chuir mo mhuintir aithne air. Ar ndóigh, ba é Comórtas Peile na Gaeltachta an tsnaidhm choitianta nuair a rinne Pádraig m'athair Seán Delap (go ndéana Dia a mhaith air) a chur faoi agallamh faoi bhlúire a rinne sé don chlár CLG 'Gaelic Report'. Is ábhar mórtais agam go raibh m'athair ar thús cadhnaíochta i mbunú an chomórtais i dteannta le ceannródaithe eile sa bhliain 1969.

Cuireadh an pór ar Oíche Nollag Beag (nó Nollaig na mBan mar a thugtar in áiteanna eile ar an fhéile) i dTigh Hughie Tim. Iarradh ar m'athair dreas cainte a dhéanamh ag tabhairt amach a bhí eagraithe an oíche sin in ómós d'fhoireann caide a tháinig ar chamchuairt ó Bhaile an Fheirtéaraigh (nó an Buailtín) aneas. Ghríosaigh Seán Delap, a bhí nua-cheapaithe mar Bhreitheamh Dúiche le bliain roimhe sin, a raibh i láthair le buan-nasc i bhfoirm comórtais a chur ar siúil. Gheall sé go gcuirfeadh sé féin corn ar fáil ach amhlaidh a bheith idir láimhe.

Nuair a théim siar ar bhóithrín na smaointe anois is é an rud is mó a dhéanann iontas dom ná a laghad ama agus a ghlac sé an coincheap a bhláthú. Ba léir go raibh faoi na bunaitheoirí beart a dhéanamh de réir a mbriathar mar a bhí san Fhiannaíocht fadó. Rinneadh an comórtas a sheoladh go hoifigiúil i bPreasócáid in Óstán an Ghresham i mBaile Átha Cliath ar 21ú Bealtaine na bliana sin. Ní raibh iomrá ar bith ar staidéir féidearthachta ag an am údaí!

Cé gur baisteadh Corn Delap go geanúil ar an chupa, ba é, ó mo chuimhne, 'Corn na Gaeltachta' na focail oifigiúla a bhí greanta ar an Chorn airgid sin ach sílim go raibh m'athair breá sásta a theacht i dtír ar an rud a bheith tiomnaithe ina ainm i súile an phobail!

Bhí Seán Delap mar Uachtarán ar an Chomórtas i dtús ama, agus bhí sé an-ghníomhach in eagrú an Chomórtais go háirithe sna blianta 1969, 1970, 1971 agus 1972. Tá cuimhne faoi leith agam ar Sheán a bheith ag feidhmiú mar éascaitheoir i réitiú coimhlinte a d'éirigh idir an fhoireann áitiúil agus foireann Ghaoth Dobhair faoi íocaíocht táillí i halla pobail i gCorca Dhuibhne le linn Chomórtas 1972. Arís, thug sé caint uaidh ag bronnadh dhuaiseanna cabaret na bliana sin inár mholl sé go speisialta Dóirín Ní Mhurchú ón Rinn as an aithris bhreá a rinne sí ar an dán *Pilleadh Aodh Rua.*

Níor ghlac sé páirt ghníomhach in imeachtaí na bliana 1973 agus 1974, ach ar chuireadh ón fhochumann áitiúil i nGaoth Dobhair a bhí i mbun reáchtáil an Chomórtais i 1975, d'athmhuscail a pháirtíocht i gcúrsaí na bliana sin. Cé gur sheas m'athair i gcónaí le neodracht agus le neamhspleáchas a chúraim mar Uachtarán ba é a thuairim ionraice gur bhain Gaoth Dobhair an chraobh go cóir agus go cothrom ar pháirc imeartha Mhachaire

Gathlán an bhliain sin agus gur caitheadh go tarcaisneach leo ag leibhéal maorlathais san fhiosrúchán a lean. Mar Bhreitheamh Cúirte, ní fhéadfadh sé a bheith sáite i gconspóid agus ní raibh an dara suí sa bhuaile aige ach seasamh ar leataobh nuair a d'éirigh an callán fá chraobh 1975. Chuir sé a leithéid in iúl i litir a sheol sé go Páirc an Chrócaigh. Is trua gur éirigh mí-thuiscint, áfach, óir ní raibh sé de rún ariamh aige aistarraingt a dhéanamh ar an Chorn, agus b'ábhar iontais aige a léamh san nuachtán *Inniu* i 1976 go raibh corn nua ar an fhód.

Cé go raibh Seán Delap éirithe as cúramaí riaracháin an Chomórtais, níorbh fhear binbeach é agus lean a shuim i ndul chun cinn an Chomórtais. Bhí sé ag taithint go láidir orm féin freastal a dhéanamh ar an Chomórtas i Machaire Gathlán i 1983, rud a rinne mé go fáilteach agus mé faoi gheasa ag sár-imirt Liam Seosamh Mhic Pháidín (Willie Joe) as Béal an Mhuirthead agus Hughie Mhic Laifeartaigh as na Dúnaibh (buaiteoirí na bliana sin). Ba mhór an sásamh dó fosta gur bhronn Fochumann C.L.G. Ghaoth Dobhair Uachtaránacht Saoil air agus mar ghnáthbhall den Fhochumann is mór an spraoi a bhain mé as a bheith ag umhlú go magúil dó ina Ghradam! Ba mhór an bród a bhí ormsa go pearsanta agus ar m'athair ach go háirithe nuair a rinneadh bronnadh speisialta ar Sheán ag fáiltiú Iubhaile Airgid an Chomórtais in Óstán Ghaoth Dobhair i 1994. Dúirt Antoin Ó Cearbhaill, duine de chomhbhunaitheoirí an Chomórtais, gur thug Seán Delap aitheasc an-phaiteanta uaidh an tráthnóna samhraidh sin. Bhraith mé féin gur chneasaigh sin aon ghoimh a d'éirigh as imeachtaí na bliana 1975 atá anois mar chuid den seanchas!

Níl ach dea-chuimhní agam féin mar pháiste ag sodar i ndiaidh m'athar agus gan buaireamh fan tsaol orm sna laetha órga sin. Bhí mé ar chúl na gcuaillí ar thaobh na gcnoc de Pháirc Mhachaire Gathlán ar an chéad Luan de Lúnasa 1969 nuair a bhí an aimsir mar a d'iarrfadh do bhéal é a bheith. Bhain mé dúil faoi leith as mo chuairt ar ché Dhún Chaoin i 1972 agus seasann an chuimhne sin liom i dtólamh. Rinne sé bailc throm fearthainne ar an Daingean ar Shatharn na Cincíse 1972. Dia ár sábháil, nach bhfuil biseach ar bith ar scéal na haimsire le dhá scór bliain anuas?

Tá Seán Delap ar shlua na marbh ó bhí 2001 ann, agus cé go mbuaileann an chumha agus an maoithneachas ag an am seo mé, tá sé ina shólás agam gur chraobhaigh an crann as an tsíol a chuir sé.

*Le hAntoin Delap*

**Aguisín Beag - cuimhne cinn fánach**

Maidin Shathairn amháin i ndúlaíocht gheimhreadh na bliana 1971, tháinig fear an phoist chuig ár dteach cónaithe ar an Charraig Dhubh le sreangscéal práinneach a scanraidh an t-anam asam. (an bhfuil cuimhne agaibh ar na seanteachtaireachtaí sin?) Ba ó Fhreddie Fheargail (Feardorcha Ó Colla) a bhí i dtólamh coinsiasach i gcomhlíonadh a chuid dualgas a tháinig an scéala le meabhrú do m'athair faoi chruinniú a bhí le titim amach i mBaile Átha Cliath an lá sin faoin chomórtas. A Athair shíoraí, nach ciotach agus amscaí a bhí an mogalra cumarsáide ag an am?

# Gach rath & Ádh Mór le "CLG Ghaoth Dobhair"
# Le Comórtas Peil na Gaeltachta 2012

## Comhar Creidmheasa Ghaoth Dobhair Teo

### Feach Ár Rátaí Íseal Úis

| | |
|---|---|
| Gná Ráta | 9.5% |
| Ráta Carr | 6.75% |
| Ráta Feistigh | 6% |

## Iasachtaí déanta furast in atmaisféar chairdiúl le foireann cuidiúl

**Foscailte dó'n phobal sé lá na seachtaine**

Na Doirí Beaga, Leitirceanainn.
074 – 9531279, 9532783, 9532784
Ríomhphost: ccgd@eircom.net

Fó-Oifig: An Fhalcarrach
074 - 9165274
SuíomhIdirlín: www.ccgd.ie

Ádh mór ar fhoirne CLG Ghaoth Dobhair
agus ar Chomórtas Peile na Gaeltachta

ó

Óstán Dhoirí Beaga, An Coiteann.

*Bia agus leaba*
*Ceol agus craic i dTeach Mhicí.*

Uimhir Ghutháin: (074) 9531005

# McBride Skip Hire



**Fón: (074) 9532085 / 087-2497222**

**Ádh mór ar CLG Ghaoth Dobhair
agus ag súil go mbeidh deireadh
seachtaine ar dóigh ag achan duine.**

# Bunú agus stair Chumann Lúthchleas Gael Ghaoth Dobhair

Bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael Ghaoth Dobhair sa bhliain 1931 ach is cosúil go raibh peil á himirt sa pharóiste roimhe sin. Tá cuntas le fáil i nuachtán áitiúil (gearrthán gan ainm ná dáta) ar chlub a bunaíodh sa bhliain 1905 .i. "The Gweedore Hurling and Gaelic Football Club.

Deir an gearrthán an méid seo a leanas: *"For some time past the men of Gweedore were very anxious to have established in their midst a club to patronise only Ireland's games but not until last week was the fact accomplished. And now is formed on a solid basis "The Gweedore Hurling and Gaelic Football Club", which promises to be the most Irish Club in Co. Donegal, or perhaps all Ireland. Every single member of the 44 who are registered players and the 22 from the committee being Irish speakers, and all are proud of it. At the meeting held in Middletown on the 5th inst. there were present: Messrs. Daniel Coll, J.P. Neil, J. Ferry, Samuel McBride, James McFadden, Daniel Maloney, Peter Gallagher, Maurice McGee, Owen Doherty, Daniel Boyle, Edward Boyle, Jack Gallagher, Peter Boyle, Peter Coll."*

Is cosúil go raibh foireann láidir sacair i nGaoth Dobhair ag deireadh an 19ú céad agus suas go dtí 1915 (Ó Cearnaigh, 1982). Tharla sé seo de thairbhe an dlúthcheangail a bhí idir muintir Thír Chonaill, Gaoth Dobhair ina measc, agus Albain. Ba é seo an uair a bhí an imirce shéasúrach i mbarr a réime:

*"At that time many of the players had to work seasonally in Scotland but they were always eager for news of their team. Sometimes they got to hear the results on Radio Éireann late on Sunday nights. Mostly they had to wait for a full report on the progress of Gaoth Dobhair in the* Derry People *when it arrived midweek."* (*Donegal News*, 11 Aibreán 2003)

Agus ar ndóigh, bunaíodh Ceiltigh Ghlaschú sa bhliain 1888. Le linn an Chogaidh Mhóir is beag sacar a imríodh ach faoin bhliain 1927/1928 bhí peil Ghaelach á himirt i nGaoth Dobhair. Ní raibh club oifigiúil sa pharóiste ag an am ach bhí dhá fhoireann sa pharóiste – foirne "Thoir" agus "Thiar". Imreoirí ón taobh thoir de Theach an Phobail a bhí ar an chéad fhoireann agus imreoirí ón taobh thiar de Theach an Phobail ar an dara foireann. Bhíodh cluiche gach Domhnach i Machaire Gathlán agus ar an Rannaigh ar a seal. Deir na seandaoine gur beag riail a bhí ag baint leis na cluichí sin mar, i ndáiríre, gur beag eolais a bhí ag daoine ar rialacha Chumann Lúthchleas Gael diomaite dóibh siúd a chuaigh chuig coláistí tríú leibhéal. Ó thaobh na rialacha de, is cosúil nach raibh siad ar eolas ag na réiteoirí ach an oiread ach shéideadh siad nuair a mheasadh siad féin feall a bheith déanta. Bhíodh imreoirí ag imirt gan éide cheart, fiú bhí bróga peile gann agus is cosúil go mbíodh imreoirí ag imirt gan orthu ach bróg amháin fiú! Is cosúil go mbíodh scaiftí móra i láthair ag na cluichí sin. I 1928, ag cluiche ar an Rannaigh, cuireadh thart hata agus tógadh £12 – airgead mór ag an am.

Deirtear gur de thaisme a bunaíodh CLG Ghaoth Dobhair i 1931 (Ó Cearnaigh, 1982). I mí na Samhna na bliana sin, bhí grúpa aisteoirí as Mullach Dubh ag léiriú dráma i nGaoth Dobhair. An oíche dar gcionn chruinnigh baicle fear le chéile i Siopa Eoghain Eoin Ruaidh Mac Giolla Easbuig. Ina measc bhí Eoghan Chonaill Mac Giolla Bhríde, Liam Mac Giolla Chomhaill, Charlie Eoghain agus Jim Size. Bhí Eoghan Chonaill den bharúil go bhféadfadh sé féin cumann drámaíochta a bhunú a bheadh ní b'fhearr ná muintir Mhullach Dubh. Shocair siad cumann drámaíochta a bhunú ach dar le Charlie Eoghain, má bhí cumann drámaíochta le tosú gur cheart cumann peile Gaelaí a thosú fosta. Dúirt Jim Size (Ó Cearnaigh, 1982), fear nach raibh aige ach Béarla, *"We'll start now"* agus sin mar a cuireadh tús le Cumann Lúthchleas Gael Ghaoth Dobhair. Cuireadh coiste ar bun agus ainmníodh Dan Ó Maoldomhnaigh mar chathaoirleach. Ba iad baill eile an choiste ná: Mickey an Chope Ó Gallchóir, Doimnic Johnny Ó Gallchóir, Joe Ó Frighil agus Antoin Delap.



*Buaiteoirí Chraobh Sinsear Thír Chonaill 1953, 1954 agus 1955.*

Stair dhathúil chorrach atá ag baint le CLG Ghaoth Dobhair ó bunaíodh é i 1931. Bhí tréimhsí torthúla ann atá beo go fóill in intinn na ndaoine agus tréimhsí lag trá nach dtráchtar orthu rómhinic. Tharla eachtraí cinniúna sa tréimhse sin, leithéidí bhunú Chomórtas Peile na Gaeltachta i 1969, tógáil an Chlubthí sna hochtóidí agus baint na Craoibhe arís i 2002, rud a bhris múnla dhá scór bliain agus a thug ardú meanma don Chlub. Ó briseadh an múnla sin i 2002, tá éachtaí déanta ag foirne an fhochumainn. Mar shampla, idir 2004 agus 2007 tugadh coirn Chomórtas Peile na Gaeltachta Dhún na

nGall, Chomórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta, Chraobh Sóisear B, Craobh Sinsear Tacaíochta, Chraobh Sinsear, Shraith Sinsear agus Shraith Sinsear Tacaíochta isteach go Clubtheach Ghaoth Dobhair i Machaire Gathlán.



*Buaiteoirí Chraobh Sinsear Thír Chonaill 1961.*

Ba lá stairiúil é chomh maith an Domhnach, 15 Deireadh Fómhair 2006 nuair a bhain an fhoireann tacaíochta agus an fhoireann sinsear Craobh na Contae i bPáirc Mhic Cumhaill i mBealach Féich - an chéad Chlub i nDún na nGall lena leithéid a dhéanamh. Cé gur fochumann óg atá i bhfochumann Ghaoth Dobhair, nár bunaíodh go dtí 1931, tá níos mó Craobhacha Peile bainte ag an fhochumann ná mar atá ag fochumann ar bith eile sa chontae, ceithre cinn déag ar fad. Leis na blianta anuas rinne scoth na bpeileadóirí mar Néilí Jimí John Ó Gallchóir agus Antoin Ó Cearúill ionadaíocht don chlub ar fhoireann na contae. I 2011, bhí triúr as Gaoth Dobhair ar fhoireann Dhún na nGall a bhuaigh Craobh Shinsear Uladh: Caoimhín Ó Casaide, Niall Mac Aoidh agus Éamonn Mac Aoidh agus d'éirigh le Caoimhín agus Niall Sárimreoirí Peile na Bliana (All-Stars) a bhaint amach.

Tá imreoirí óga ag teacht chun tosaigh chomh maith le triúr as an fhochumann ar fhoireann Dhún na nGall a bhuaigh boinn uile-Éireann i gCraobh na nGairmscoileanna i 2011, sin: Antoin de Blárach, Danny Mac Gairbheith agus Eoghan Ó Gallchóir.

Tá peil na mban ag déanamh dul chun cinn mór chomh maith agus níl aon dabht nach mbeidh sé i bhfad anois go mbeidh craobhacha contae agus Gaeltachta á dtabhairt ar ais chun na paróiste acu.



*Buaiteoirí Chraobh Sinsear Thír Chonaill 2006.*

Cuirtear béim mór san fhochumann chomh maith ar an chultúr agus ar an teanga agus is iomaí gradam atá bainte amach ag ionadaithe an chlub. Mar shampla sa bhliain 1981, bhain ball den Chumann, Noel Ó Gallchóir, Craobh na hÉireann san aithriseoireacht leis an dán "Pilleadh Aoidh Rua" a chum an file Pádraig Ó Beirn as Gleann Cholm Cille, an chéad uair do Chraobh na Sinsear a theacht go Tír Chonaill.



*Bailéadghrúpa na Crannóige.*

Bhain grúpa damhsóirí seite an fhochumainn bonn óir ag Oireachtas na bliana 1984. Bhain an fochumann féin an gradam náisiúnta do Chlub Gaelach Gaeltachta na bliana 1984 – comórtas a eagraíodh do chomóradh céid CLG. Bhí agus tá an fochumann páirteach chuile bhliain i gComórtais Scór na nÓg agus Scór Sinsear agus i mbliana rinne Rosie Nic Gairbheith ionadaíocht don fhochumann i gCraobh Ceannais Uladh de Scór na nÓg agus rinne Bailéadghrúpa na Crannóige ionadaíocht dúinn i gCraobh Ceannais na hÉireann den Scór Sinsear.




*Rosie Nic Gairbheith.*

Tá muid buíoch de na bunaitheoirí a chuir tús lenár n-aistear i 1931 agus tá súil againn go bhfanfaidh an club dílis don fhís a leag siad rompu  Tá an pheil Ghaelach agus an Cumann Lúthchleas Gael mar pháirt lárnach de shaol phobal Ghaoth Dobhair agus tá dlúthcheangal ag an phobal ar fad leis an chumann peile. Is fochumann láidir, Gaelach agus Gaeltachta muid, agus tús áite á thabhairt againn i gcónaí do bhunspriocanna Chumann Lúthchleas Gael agus dár dteanga. Ní neart go cur le chéile!

*Le Georgina Mhic Giolla Bhríde agus Éamonn Mac Niallais*



*Buaiteoirí Chomórtas Péile Náisiúnta Sinsear na Gaeltachta 2007.*

| CLG Ghaoth Dobhair: Onóracha | |
|---|---|
| Craobh na Sinsear (14) | 1935, 1938, 1941, 1944, 1945, 1946, 1947, 1949, 1953, 1954, 1955, 1961, 2002, 2006 |
| Sraith na Contae (12) | 1936, 1937, 1938, 1939, 1942, 1946, 1950, 1953, 1970, 1973, 2003, 2006 |
| Craobh Idirmheánach (1) | 1985 |
| Craobh Sóisear (1) | 1935, 2006 |
| Craobh Faoi 21 (4) | 1971, 1984, 1991, 2005 |
| Craobh Faoi 18 (8) | 1933, 1934, 1958, 1959, 1960, 1976, 1987, 1999 |
| Craobh Faoi 16 (2) | 1958, 1962 |
| Craobh Faoi 14 (2) | 1967, 1986 |
| Craobh Faoi 13 (1) | 1985 |
| Craobh Faoi 12 (1) | 1985 |
| Comórtas Peile na Gaeltachta (Dún na nGall) (12) | 1969, 1971, 1972, 1973, 1978, 1993, 2002, 2003, 2004, 2005, 2007,2008,2012 |
| Comórtas Peile na Gaeltachta (Náisiúnta) (7) | 1969, 1975, 1976, 1994, 2002, 2004, 2007 |



*Caoimhín Ó Casaide, Réalt Uile Éireann 2002 agus 2011agus Imreoir ar Fhoireann na hÉireann in éadan na hAstráile 2002.*




*Niall Mac Aoidh, Réalt Uile Éireann 2011agus Imreoir ar Fhoireann na hÉireann in éadan na hAstráile 2011.*

**Dr Anne O'Donoghue**

**Fiaclóir**

**An Bun Beag, Co. Dhún na nGall.**

**Fón:** (074) 9531113

**Go n-éirí go geal leis na cluichí uilig thar an deireadh seachtaine.**

**Ádh mór ar Ghaoth Dobhair**

ó Shiopa Molloy, Na Doirí Beaga.

Ollmhargadh, Oifig Poist agus Caife.

Phone: 00-353 74 9560 410
Fax: 00-353 74 9560 413
E-Mail: admin@euroflex.ie
Web Page: www.euroflex.ie

Fón: 00-353 74 9560 410
Faics: 00-353 74 9560 413
Ríomhphost: admin@euroflex.ie
Leathanach Gréasán: www.euroflex.ie

Gweedore Business Park, Derrybeg, Letterkenny, Co. Donegal, Ireland.
Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, Éire.

Ag guí gach rath ar Ghaoth Dobhair agus iad mar ostaí ar Chomórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta 2012

# HEALTHWISE

*Tugaimid aire don phobal*

Siopa an Cheimiceora,
An Bun Beag,
Gaoth Dobhair,
Co. Dhún na nGall.

**Guthán:** (074) 9531254
**Ríomhphost:** gweedore@healthwisepharmacies.ie
**Idirlíon:** www.healthwisepharmacies.ie

**Ag guí ádh mór ar**
**CLG Ghaoth Dobhair**
**agus ag súil go mbeidh deireadh**
**seachtaine sláintiúil agus**
**den chéad scoth**
**ag gach duine.**

# Spléachadh beag ar Ghaoth Dobhair



*An Earagail—ina stua os cionn caor is call.*

**Paróiste Ghaoth Dobhair**

Ceantar fíorálainn suite idir sliabh is cladach i gcoirnéal thiar thuaidh Thír Chonaill atá i bParóiste Ghaoth Dobhair. Tá radharcanna le fáil ann nach bhfuil a sárú le fáil in áit ar bith sa tír maidir le héagsúlacht agus áilleacht. Ó dheas, tá an Earagail mhaorga ina seasamh go bródúil 'ina stua os cionn caor 's call' – Taobh an Leithid agus Cró na Leacht ar thaobh amháin agus Sléibhte Dhoire Bheatha ar an taobh eile; Cró Nimhe agus Loch Dhún Lúiche "go ciúin sa ghleann ina luí". Ó thuaidh, radharcanna aoibhne ó Chnoc Fola; na portaigh, glas le féar is donn le móin; tránna fairsinge ciúine agus céanna beaga seascair ag amharc amach ar na hoileáin, Gabhla, Inis Meáin, Inis Oirthir agus Inis Sionnaigh atá mar a bheadh slabhra ag cosaint na mórthíre ar stoirmeacha agus ar shíon an Atlantaigh.

Tá clú ar Ghaoth Dobhair mar go bhfuil an traidisiún Gaelach beo go fóill i measc na ndaoine áitiúla, idir na sean-nósanna, an ceol traidisiúnta, an drámaíocht, na cluichí Gaelacha agus an Ghaeilge. Meallann na nithe seo mar aon le radharcra an cheantair cuid mhór turasóirí ó achan chearn den tír agus den domhan. Tá Gaoth Dobhair suite idir na Rosa ó dheas agus Cloich Cheann Fhaola ó thuaidh. Tugann daoine áirithe *na trí paróistí* orthu agus cruthaíonn siad réigiún cultúrtha agus sóisialta ar leith in iarthuaisceart Dhún na nGall.

**An tAinm**

*An Gaoth* an t-ainm atá ar an ghóilín atá ag bun Abhainn Chroithlí agus atá ina theorainn



*I gceantar Chnoc Fola.*

idir Gaoth Dobhair agus na Rosa. Is seanfhocal é *Dobhar* fá choinne uisce. *Inbhear uisciúil* an chiall bhunúsach atá leis an ainm Gaoth Dobhair.

**Teanga**

Is í an Ghaeilge príomhtheanga na ndaoine sa pharóiste. Meallann an Ghaeilge na mílte turasóirí agus scoláirí gach bliain chuig na coláistí samhraidh le tuigbheáil níos fearr a fháil ar an teanga. Faigheann páistí agus déagóirí na háite oideachas s'acu fríd mheán na Gaeilge agus bíonn na seirbhísí reiligiúnacha agus an chuid is mó de na fógraí poiblí i nGaeilge. Mar sin féin, is eol do chách an Béarla agus siocair go bhfuil an dá theanga ag muintir na háite, is minic a chuireann siad focail Bhéarla isteach sa Ghaeilge agus a mhalairt fosta.

**Stair an cheantair**

Chuir Plandáil Uladh casadh ar stair an pharóiste ón bhliain 1609 ar aghaidh. B'éigean do dhaoine Gaelacha talamh torthúil s'acu a fhágáil sa Lagán agus imeacht go dtí iarthar Dhún na nGall, agus shroich cuid mhaith acu Gaoth Dobhair. Ag an am chéanna, thosaigh lonnaitheoirí Sasanacha agus Albanacha a theacht agus fuair siad seilbh ar stráicí móra talaimh fud fad an chontae. De réir cosúlachta, ní raibh mórán de dhaonra sa pharóiste suas go dtí an 17ú haois. Chónaigh na daoine ar imeall na farraige agus ar na hoileáin i ngráigeanna, thóg siad na tithe in aice a chéile i bpócaí nó i gclachain bheaga.

Ní raibh daonra mór ann suas go dtí an 19ú haois agus tuigtear go raibh caidreamh measartha maith idir na tionóntaí agus na tiarnaí talún. Tháinig laghdú mór ar chaighdeán an tsaoil le linn theacht na dtiarnaí talún úra san 19ú haois, go háirithe an Tiarna George Hill (1801-1879) agus a mhac Arthur. Threoraigh an sagart Séamus Mac Pháidín muintir na háite agus iad ag troid leis na tiarnaí talún seo nuair a bunaíodh

Conradh na Talún agus a bPlean Feachtais. Ba é eachtra 'mharú an Mháirtínigh' (An Cigire Dúiche William Martin) taobh amuigh de theach pobail Dhoirí Beaga sa bhliain 1889 buaicphointe Chogadh na Talún i nGaoth Dobhair.



*Céidh an Bhuna Bhig.*

**Eacnamaíocht**

Cé nach bhfuil ionad uirbeach ar bith ann tá dlús daonra an-ard i nGaoth Dobhair le blianta fada. Ar feadh na mblianta, ba ghnách le bunadh na háite a dhul ar imirce shéasúrach go hAlbain. Le fás na tionsclaíochta agus na turasóireachta ó lar na 1960í ar aghaidh, tógadh na céadta teach úr ar fud an cheantair, iad uilig scaipthe amach ar fud an pharóiste mar a bheadh ribíní spréite ann.

Bunaíodh cuid mhór monarchan i nGaoth Dobhair sna 1970í, 1980í agus sna 1990í. Bunaíodh an tEastát Tionsclaíoch féin nuair a chuir coiste áitiúil brú ar na húdaráis gníomh dearfach a dhéanamh don cheantar mar chomóradh caoga bliain ar Éirí Amach na Cásca i 1966. Ach dhruid an chuid is mó de na monarchana seo sa bhliain 2001 mar gheall ar tháirgíocht níos saoire in Oirthear na hEorpa agus san Áis, agus bhí seo ina bhuille ollmhór ar gheilleagar na háite agus na gceantracha máguaird.

Athainmníodh an tEastát Tionsclaíoch go dtí Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair in 2003, agus chuir Údarás na Gaeltachta feachtas ar bun chun níos mó cuideachtaí seirbhíse a mhealladh go dtí an ceantar. Ar na gnónna tábhachtacha eile atá sa cheantar, tá ollmhargaí, siopaí áise, sciamheolaithe, gruagairí, conraitheoirí, garáistí, poitigéirí, tithe leanna, caiféanna agus tithe ósta.

**Oideachas**
Tá cúig bhunscoil i nGaoth Dobhair sna bailte fearainn seo a leanas: Doirí Beaga, an Bun Beag, Mín an Chladaigh, Dobhar agus an Luinnigh. Is í Pobalscoil Ghaoth Dobhair an t-aon mheánscoil sa pharóiste. Bunaíodh í sa bhliain 1977 ar an Luinnigh agus is é Noel Ó Gallchóir atá mar phríomhoide uirthi. Cuirtear an t-oideachas seo uilig ar fáil fríd mheán na Gaeilge agus déanann na mic léinn na scrúduithe stáit i nGaeilge. Sa bhliain 2004, d'oscail Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ionad Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge le hoideachas tríú leibhéal a chur ar fáil fríd mheán na Gaeilge do mhuintir na háite.

**Gnéithe fisiceacha**
Tá Gaoth Dobhair cáiliúil mar gheall ar a áilleacht mara agus tíre. Is dócha gurb í an Earagail os cionn Loch Dhún Lúiche an ghné is so-aitheanta sa cheantar. Is í an sliabh is airde i gContae Dhún na nGall. Thart ar Ghaoth Dobhair tá gleanntáin fhairsinge, ina measc tá Gleann Nimhe agus Gleann Bheatha, atá mar chuid den pháirc náisiúnta is mó sa tír. Radharc suntasach eile i nGaoth Dobhair ná 'Bád Eddie', bád iascaigh a chuaigh ar ancaire i mbá Mhachaire Chlochair sna 1970í agus atá ann go fóill.

Ar chósta Ghaoth Dobhair, tá cuid mhór tráigheanna agus aillte le fáil mar aon le hoileáin ar nós Ghabhla agus Thoraí. Taobh le Gabhla tá na hoileáin Iompainn, Inis Meán, Inis Oirthir agus níos cóngaraí den tír mór tá oileán gainmheach Inis Sionnaigh.



*Inis Sionnaigh agus Gabhla ar a chúl.*

**Iompar**
D'oscail stáisiún traenach i nGaoth Dobhair ar 9 Márta 1903, druideadh é mar sheirbhís do phaisinéirí ar 3 Meitheamh 1940 agus druideadh é go hiomlán ar 6 Eanáir 1947. Tá roinnt cóistí a théann ó Ghaoth Dobhair go háiteanna ar nós Gaillimh, Béal Feirste agus Baile Átha Cliath ar bhonn laethúil. Chuir Comhlacht Bus Loch Súilí seirbhísí bus ar

fáil don cheantar ar feadh na mblianta fada. Ar na gaobhair tá Aerfort Dhún na nGall agus bíonn eitiltí laethúla go Baile Átha Cliath agus eitiltí rialta go Glaschú in Albain.

**Spórt**

Tá tábhacht mhór ag cúrsaí spóirt i saol an pharóiste, mar atá an pheil Ghaelach, sacar, galf agus a leithéidí. Tá CLG Ghaoth Dobhair ann a thugann áiseanna peile Gaelaí ar fáil do dhaoine sa cheantar. Tá na clubanna sacair Ceiltigh Ghaoth Dobhair, Gaoth Dobhair Aontaithe agus Ceiltigh Dhún Lúiche sa cheantar chomh maith. Tá neart peileadóirí iomráiteacha luaite leis an cheantar ar nós Hugh Rua Ó Gallchóir, Niall Ó Gallchóir, Jack Phaddy Óig, Jim Mac Pháidín, Caoimhín Ó Casaide, Antoin Ó Cearúill, Hiúdaí Beag Ó Gallchóir agus Hughie Tim Ó Baoill.



*An Clubtheach.*

**Na hEalaíona**

Tá aird an domhain tarraingthe ag ceoltóirí Ghaoth Dobhair ar an pharóiste. Cruthaíodh an grúpa ceoil Clannad sa bhliain 1970 agus ó shin tá breis agus 20 milliún ceirnín díolta acu. Thosaigh an grúpa Altan i nGaoth Dobhair fosta, agus is as Cois Cláidí an príomhamhránaí Mairéad Ní Mhaonaigh. Is dócha gurb í Eithne Ní Bhraonáin nó Enya mar is fearr aithne uirthi, an ceoltóir is clúití as Gaoth Dobhair, thosaigh sí ar stáitse Amharclann Ghaoth Dobhair le linn a hóige agus anois tá níos mó ná 75 milliún ceirnín díolta aici. Tá clú agus cáil ar cheoltóirí eile as an pharóiste, ar nós Aoife Ní Fhearraigh, Maria Nic Cumhaill, Na Casaidigh, Proinsias Ó Maonaigh, Séamus Mac Aoidh agus le roinnt blianta anuas an Crann Óg, grúpa de cheoltóirí óga as an cheantar.



*Radharc ón aer ar chuid den pharóiste.*



Gleann Nimhe i nDun Lúiche.

Tá dhá chór ghníomhacha sa pharóiste, Cór Mhuire Dhoirí Beaga (faoi stiúir Mháire Uí Bhraonáin agus Eibhlín Nic Suibhne) agus Cór Thaobh a' Leithid (faoi stiúir Dhoimnic Mhic Giolla Bhríde). Tá albaim eisithe ag an dá chór.

Bíonn *Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy* ar siúl ag tús na bliana gach bliain i nGaoth Dobhair in ómós an cheoltóra aithnidiúil Frankie Kennedy as Béal Feirste ó dhúchas agus a bhí pósta ar Mhairéad Ní Mhaonaigh go dtí go bhfuair sé bás in 1994.

Scríobh Proinsias Ó Maonaigh an t-amhrán *Gleanntáin Ghlas' Ghaoth Dobhair*, atá anois ina aintiún do mhuintir na háite sa bhaile agus i gcéin.

Tá traidisiún fada aisteoireachta sa phobal fosta agus tá an-cháil ar Aisteoirí Ghaoth Dobhair agus ar Amharclann Ghaoth Dobhair as a gcuid aisteoireachta le blianta fada anuas.



Bád Eddie.



*An Crann Óg agus iad i mbun cleachtaithe.*


Guthán/Facs: (074) 9129040
Guthán Póca: 087-2771080

Killyclug,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall.



Ádh mór ar
Chomórtas Peile na Gaeltachta 2012

**Harley Precision Engineering Ltd.**

PRECISION ENGINEERING - FABRICATION - BEARINGS - MAINTENANCE






AIB

Ag tabhairt tacaíochta do chlubanna.
Ag tabhairt tacaíochta do phobail.

**browneprintersltd**

design ▪ printing ▪ office supplies

*Comhairdeas agus gach rath ar an gcomórtas*

- Full Colour Printing
- Trade Printing Services
- Large Format
- Digital Printing
- Design Consultants
- Office Supplies

Port Road
Letterkenny
Co. Donegal

Telephone (074) 9121387
Facsimile (074) 9126638
Email reception@browneprinters.com

Fearadh na fáilte roimh Chomórtas Peile na Gaeltachta go Gaoth Dobhair.



Seaview Hotel
An Bun Beag (074) 9531159

Lunch & bar food served daily

Official opening of new Seaview lounge 1st june
& cvu night club

Aerfort Dhún na nGall
Donegal Airport

An bealach go Contae Dún na nGall
Gateway to County Donegal

An Charraig Fhinn,
Ceann Caslach,
Leitir Ceanainn,
Condae Dhún na nGall,
Éire.

**Fón:** (074) 9548284 / (074) 9548232
**Facs:** (074) 9548483
**Idirlíon:** www.donegalairport.ie

Comhghairdeas agus gach rath ar Chomórtas Peile na Gaeltachta 2012.

Guíonn
Garáiste agus Siopa Uí Rabhartaigh,
Dún Lúiche gach rath agus ádh ar
Ghaoth Dobhair i gcomórtais an
deireadh seachtaine.

**Stáisiún Seirbhís Dhún Lúiche**
**(074) 9532034 / 9531407**
**087-2631526**






Guímid gach rath ar Chomórtas
Peile na Gaeltachta 2012 i nGaoth Dobhair



# Ó Chroithlí go Cnoc Fola

## Seanghrianghrafanna de Ghaoth Dobhair
























GWEEDORE HOTEL















































TG4

# Príomhurraitheoir an Chomórtais

## Dé Domhnaigh, 3 Meitheamh

beo ag 5.45pm
agus
ag 7.00pm

## Dé Luain, 4 Meitheamh

beo ag 2.00pm
agus
ag 4.00pm





Ádh mór ar
Chomórtas Peile na Gaeltachta 2012

RTÉ
RAIDIÓ
NA GAELTACHTA
CEILIÚRADH 40 BLIAIN







www.rte.ie/rnag RTERnaG @RTERnaG

# COMÓRTAS PEILE NA GAELTACHTA

## 2012 GAOTH DOBHAIR


CUIR AITHNE ORAINN

TG4
súil eile

www.tg4.ie


Printed by **browneprintersltd** L/kenny. T: (074) 91 21387.